



An tAthbhreithniú ar Uastáillí Náisiúnta Tacsáí don Bhliain 2022

*Údarás Náisiúnta Iompair
Dún Scéine
Cúirt Uíbh Eachach
Lána Fhearchair
Baile Átha Cliath 2*

Aibreán 2022

Achoimre Fheidhmeach

Cúlra

Thug an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe an struchtúr Uastáillí Náisiúnta Tacsáí isteach i mí Mheán Fómhair 2006, agus struchtúr aontaithe taraifí á chur i bhfeidhm aige do gach tacsáí in Éirinn. Ó shin i leith, tá Athbhreithniú ar Uastáillí Tacsáí á dhéanamh thart ar gach dhá bhliain chun measúnú a dhéanamh ar aon choigeartuithe ar athruithe sna costais oibriúcháin agus sa timpeallacht margaidh atá os comhair an tionscail tacsaithe. Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair (an tÚdarás) freagrach as na hAthbhreithnithe ar Uastáillí Tacsáí a dhéanamh ón mbliain 2011 i leith.

Mionsonraítear sa tuarascáil seo an cur chuige a glacadh le linn an Athbhreithnithe ar Uastáillí Náisiúnta Tacsáí don bhliain 2021/2022 (an tAthbhreithniú ar Tháillí) agus na fionnachtana a tháinig as an athbhreithniú sin. Tugadh faoin athbhreithniú idir mí na Samhna 2021 agus mí an Mhárta 2022. Le linn na tréimhse sin, ina rabhthas fós ag déileáil le héifeachtaí an Bhreathimeachta agus phaindéim Covid-19, rinne an Rúis ionradh ar an Úcráin. D’aithin Rialtas na hÉireann scála agus scóip na n-impleachtaí geopholaitiúla a d’fhéadfadh a bheith ann don Stát, á chomhaontú go mbeadh freagairt chomhordaithe uile-rialtais ag teastáil chun na himpleachtaí sin a íoslághdú.¹ Is iad na saincheisteanna geilleagracha is suntasaí a sainaitníodh a bheith ábhartha maidir leis an Athbhreithniú ar Uastáillí Náisiúnta Tacsáí ná an soláthar breosla agus fuinnimh, boilsciú agus an costas maireachtála, agus dúshláin don gheilleagar i bhfianaise na géarchéime leanúnaí geopholaitiúla, rud a chuireann leis an éiginnteacht a tháinig as paindéim Covid-19.

Cuspóirí an Athbhreithnithe ar Tháillí don bhliain 2022

Is iad seo a leanas na cuspóirí atá leis an Athbhreithniú ar Tháillí don bhliain 2022:

- Meastachán a dhéanamh ar an meánleibhéal gníomhaíochta i measc tacsaithe in aon bhliain ar leith, bunaithe ar shonraí suirbhé agus ar shonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh.
- Gach gné den Innéacs Costas Tacsáí a nuashonrú, lena n-áirítear an “costas seasta” agus na costais reatha ar an meántacsáí, bunaithe ar na leibhéil ghníomhaíochta a cinneadh, agus costais saothair.
- Measúnú a dhéanamh ar a chuí atá an struchtúr reatha táillí.

Moltaí ó Athbhreithnithe Roimhe

Moladh san athbhreithniú don bhliain 2010 go gcoinneofaí an uastáille mar a bhí. Moladh san athbhreithniú don bhliain 2012 go méadófaí táillí faoi thart ar 4 faoin gcéad agus go simpleofaí an struchtúr táillí. Mar sin féin, níor cuireadh na tograí sin chun feidhme ar iarraidh ón tionscal tacsaithe agus ar mholadh ón gComhairle don Choimisiún um Rialáil Tacsaithe (ar ar tugadh an Chomhairle Chomhairleach um Thacsaithe sa ghnáthchaint agus ar a dtugtar an Coiste Comhairleach um Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí anois) mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta a bhí i réim le déanaí. Moladh san athbhreithniú don bhliain 2014 go laghdófaí an muirear tosaigh (trí laghdú a dhéanamh ar an achar agus ar an am a bhí ar áireamh ann), go soiléireofaí an córas ardrátaí, go gcuirfí deireadh le Taraif C (ba le Taraif C a cuireadh ráta méadaithe i bhfeidhm i leith turais os cionn 30 km nó os cionn 85 nóiméad) agus go méadófaí táillí i gcoitinne faoi 4 faoin gcéad. Chuir an tÚdarás na hathruithe sin chun feidhme i mí Aibreáin 2015. Moladh san Athbhreithniú ar Tháillí don bhliain 2017 go méadófaí an uastáille bunaithe ar an bhfionnachtain gur tháinig méadú ar chostais. Ina dhiaidh sin, méadaíodh táillí faoi thart ar 3.2 faoin gcéad ar an meán i mí Feabhra 2018.

¹ Roinn an Taoisigh (2022). Ráiteas ón Rialtas: Freagairtí náisiúnta don choinbhleacht san Úcráin. Preaseisiúint arna heisiúint an 8 Márta 2022. Arna rochtain an 23/03/2022. <https://www.gov.ie/en/press-release/60bfd-government-statement-re-ukraine-national-responses/>

Moladh san Athbhreithniú ar Tháillí don bhliain 2019 go méadófaí an Uastáille Náisiúnta Tacsáí faoi 4.5 faoin gcéad. Áiríodh leis sin méadú 4 faoin gcéad de bhun méaduithe san Innéacs Costas Tacsáí agus méadú 0.5 faoin gcéad i leith an cheanglais éigeantaigh a cuireadh ar thiománaithe tacsáí saoráidí íocaíochta gan airgead tirim a sholáthar do gach paisinéir. Cheadaigh Bord an Údaráis an tOrdú nua Uastáillí don mhéadú i mí Feabhra 2020 agus, ag teacht sna sála ar chomhairliúchán poiblí, tháinig an tOrdú i ngníomh an 01 Iúil 2020. Mar sin féin, mar thoradh ar an gcur isteach ar an tionscal fáilteachais, ar an tionscal turasóireachta, ar an tionscal fóillíochta agus, dá bhrí sin, ar an tionscal tacsaithe de dheasca thús phaindéim Covid-19 agus de dheasca srianta taistil agus mar gheall ar an bhfreagairt a bheadh ag paisinéirí d'aon mhéadú ag an am sin, mhol an Coiste Comhairleach um Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí agus ionadaithe don tionscal tacsaithe go n-iarchuirfí tosach feidhme an Ordaithe Uastáillí. Ghlac an tÚdarás agus an Roinn Iompair leis an moladh sin. Dá bhrí sin, tá an t-athbhreithniú seo ar tháillí ceaptha chun cuntas a thabhairt ar an athbhreithniú ar tháillí don bhliain 2019 freisin. Is ionann an Uastáille Náisiúnta Tacsáí reatha agus an táille a socraíodh i mí Feabhra 2018.

Dálaí Margaidh sa Bhliain 2022

Ba iad na príomh-shaintréithe tosaigh ó rinneadh an nuashonrú is déanaí ar Uastáillí Náisiúnta Tacsáí ná fás geilleagrach láidir, laghdú i leibhéil dífhostaíochta agus méadú i gcaiteachas tomhaltóirí. Bheadh impleachtaí dearfacha ag gach ceann de na nithe sin don tionscal tacsaithe de ghnáth. Tháinig tréimhse shuaiteach chun cinn tráth thús an Bhreitheachta agus tráth thús phaindéim Covid-19 ansin, agus an scéal á dhéanamh níos measa fós de dheasca na ndálaí geopholaitiúla reatha san Úcráin. Tá sé mar aidhm ag rialtas na hÉireann anois riosca a bhainistiú sa gheilleagar agus díriú ag an am céanna ar athléimneacht i ngach earnáil den gheilleagar. Is láidir atá gníomhaíocht gheilleagrach in Éirinn faoi láthair a bhí le fás san earnáil onnmhairiúcháin, go háirithe i gcás táirgí íocshláinte agus cógaisíochta, a bhfuil ardéileamh orthu mar gheall ar an bpaindéim. Nithe costasacha pianmhara ba ea an tsraith suaití neamhthuartha gearr-mhaicreacnamaíochta a bhuaile gheilleagar na hÉireann thar an dá bhliain seo a chuaigh thart. Bhí siad costasach agus pianmhar go háirithe do na hearnálacha seirbhísí intíre de réir mar a thit an gheilleagar oíche agus an gheilleagar cuairteoirí anuas. Cé gur éirigh le teaghlaigh coigiltí suntasacha a ghnóthú le linn na paindéime, níltear cinnte cé acu a leanfaidh nó nach leanfaidh teaghlaigh le tomhaltas agus caiteachas a choinneáil faoi chois, agus iad fós faichilleach i bhfianaise na ndálaí éiginnte geopholaitiúla atá i réim san Eoraip agus ar fud an domhain. D'fhéadfadh sé sin dochar a dhéanamh don tionscal tacsaithe, cé go bhfuil sé tuartha go leanfaidh gheilleagar na hÉireann le fás.

Bhí tionchar ollmhór ag paindéim Covid-19 ar thiománaithe tacsáí. Tá an tionscal tacsaithe lánspleách ar ghluaiseacht daoine, agus chuir an cosc ar an taisteal neamhriachtanach a tugadh isteach i mí an Mhárta 2020 as don tionscal. Chuir an tsraith tréimhsí dianghlasála agus srianta taistil a forchuireadh le linn na mblianta 2020 agus 2021 srian le gníomhaíocht tiománaithe agus stad nócha faoin gcéad díobh ag obair am éigin le linn na dtréimhsí sin. Cé gur chinn siad stad ag obair mar gheall go príomha ar an easpa éilimh, chinn siad déanamh amhlaidh ar chúiseanna sábháilteachta pearsanta freisin. Bíonn leibhéil gníomhaíochta ag méadú anois ó cuireadh deireadh leis na srianta uile i mí Feabhra 2022.

Sna torthaí ar shuirbhé ar theaghlaigh, rud ar choimisiúnaigh an tÚdarás é agus a bhí ionadaíoch go náisiúnta, tugtar le fios gur tháinig laghdú ar an éileamh ar sheirbhísí tacsáí mar thoradh ar an bpaindéim. Laghdaigh níos mó ná leath na bhfreagrachtaí an úsáid a bhaineann siad as seirbhísí tacaí, go háirithe mar gheall ar an laghdú i gcaidreamh sóisialta. Maidir leo sin a mhéadaigh an úsáid a bhaineann siad as tacsaithe thar an mbliain seo a chuaigh thart, mheas siad go raibh tacsaithe níos sábháilte ná an t-olliompar poiblí. Cé gur tháinig athrú mór, tríd is tríd, ar an margadh tacsaithe le linn na paindéime, ba é an ní a raibh an tionchar is mó aige ar úsáid tacsaithe ná dúnadh na n-earnálacha fáilteachais, áineasa agus cultúir. Chruthaigh an phaindéim dúshlán shuntasacha don tionscal

tacsaithe. Cé go bhfuil an tionscal ag téarnamh go mall anois, tá sé fós faoi bhrú, go háirithe mar gheall ar bhoilsciú agus ar na tionchair atá ag dálaí geopholaitiúla ar phraghas an bhreosla.

Tá an staid dhothuartha atá ag teacht chun cinn (Aibreán 2022) mar thoradh ar an gcogadh san Úcráin ag cur leis an mborradh ar phraghsanna fuinnimh a bhí i réim in Éirinn agus san Eoraip cheana féin sa bhliain 2021. Agus an Rúis ar an dara honnmhaireoir amhola is mó ar fud an domhain, tháinig méaduithe soiléire ar na praghsanna ar phríomh-thráchtearraí. Cé nach bhfaigheann Éire ach 5.8 faoin gcéad dá peitriiliam ón Rúis, is mórsholáthraí peitriiliam í an tír agus téann sí i bhfeidhm ar an slabhra soláthair ar fud an domhain. Bhí éifeacht ghearrthéarmach an chogaidh san Úcráin le feiceáil sa luaineacht i margáí tráchtearraí le linn na chéad mhíosa den chogadh. Is dóigh go mbeidh tionchair fhadtéarmacha le feiceáil in athruithe sna slabhraí soláthair breosla, agus tá a lán éiginnteachta ann faoin éifeacht a bheidh aige sin ar chostais bhreosla ag an gcaidéal.

Ba cheart seintimint tomhaltóirí na tíre a chur san áireamh, mar gheall ar an laghdú san ioncam indiúscartha atá ar fáil agus mar gheall ar an laghdú in ioncam réadach (ioncam lúide boilsciú). Cé go bhfuil sé rithábachtach don tionscal go ndreasófaí úsáid tacsaithe, ba cheart breithniú a dhéanamh ar an dóigh a bhfreagróidh úsáideoirí tacsaithe d'aon athruithe i dtáillí. Maidir leis na roghanna eile iompair phoiblí atá ar fáil, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil an tAthbhreithniú seo ar Uastáillí Tacsáí ar siúl i mór-chomhthéacs an laghdaithe shealadaigh 20 faoin gcéad i dtáillí modhanna eile iompair phoiblí ó thús mhí Aibreáin 2022. Fógraíodh an tionscnamh sin chun aistriú modha a spreagadh, chun filleadh ar na patrúin iompair phoiblí a bhí ann roimh an bpaindéim a dhreasú agus chun modhanna iontaofa réalaíocha soghluaisteachta inbhuanaithe a sholáthar do shaoránaigh. Beidh rithábacht ag baint le custaiméirí tacsaithe a choinneáil má tá an tionscal chun filleadh ar bhrabúsacht.

An tInnéacs Costas Tacsáí – Modheolaíocht

Bhí an mhodheolaíocht a úsáideadh san athbhreithniú i mbliana comhsheasmhach leis an modheolaíocht a úsáideadh in athbhreithnithe roimhe. Mar chuid den Athbhreithniú don bhliain 2014, rinneadh measúnú bunúsach ar chomhpháirteanna, toimhdí agus modheolaíocht an Innéacs Costas Tacsáí, á chinneadh go bhfuil siad fóna.

An tInnéacs Costas Tacsáí – Fionnachtana

Ós rud é gur athraíodh uastáillí tar éis an Athbhreithnithe ar Tháillí don bhliain 2017, is í an bhliain 2017 an bhliain ábhartha le haghaidh comparáidí a dhéanamh ar an Innéacs Costas Tacsáí. Agus leas á bhaint as meastachán ar mhíleáiste bliantúil, nó ar 'leibhéil ghníomhaíochta tiománaithe', is comhionann le 30,352 km, bunaithe ar shonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh don bhliain 2019, tá an méadú san innéacs cothrom le 11.5 faoin gcéad. Faoi mar a tharla i mblianta roimhe, ríomhadh an t-athrú san Innéacs Costas Tacsáí bunaithe freisin ar na meánleibhéil ghníomhaíochta a thuairiscigh tiománaithe tacsáí, rud a bhí cothrom le 42,000 km sa bhliain 2019. Tháinig méadú 10.7 faoin gcéad ar chostais, bunaithe ar na leibhéil ghníomhaíochta a thuairiscigh tiománaithe sa suirbhé. Bunaithe ar mholadh a rinneadh sa bhliain 2019, comhaontaíodh go n-áireofaí leis an Innéacs Costas Tacsáí méadú eile 1 faoin gcéad chun freastal ar na táillí idirbhirt agus na costais crua-earraí a thabhdh tiománaithe tacsáí dá dtabharfaí sainordú dóibh glacadh le híocaíochtaí gan airgead tirim.

Tá na méaduithe molta san Uastáille don bhliain 2022 sa raon idir **11.7%** agus **12.5%**.

Clár Ábhar

Achoimre Fheidhmeach.....	ii
Clár Ábhar	v
1. Réamhrá.....	6
1.1 Cúlra	6
1.2 Cuspóirí an Athbhreithnithe	6
1.3 Struchtúr na Tuarascála	6
2. Cúlra maidir leis an Athbhreithniú ar Uastáillí Náisiúnta Tacsáí don Bhliain 2022.....	7
2.1 Forbheathnú ar Thionscal Tacsaithe na hÉireann	7
2.2 Athruithe Struchtúrtha i dTionscal Tacsaithe na hÉireann	8
2.3 An Uastáille Náisiúnta Tacsáí	9
3. Dálaí reatha margaidh	12
3.1 Réamhrá.....	12
3.2 An Timpeallacht Gheilleagrach	13
3.3 Éileamh an Mhargaidh	21
3.4 Soláthar an Mhargaidh	28
3.5 Dálaí margaidh ag an struchtúr reatha táillí	37
3.6 Achoimre ar Threochtaí in Éileamh an Mhargaidh agus i Soláthar an Mhargaidh	39
4. An tInnéacs Costas Tacsáí	41
4.1 Cúlra	41
4.2 Cuspóirí agus struchtúr an Innéacs.....	41
4.3 An cur chuige i leith an tInnéacs Costas Tacsáí a ríomh	41
4.4 Príomhthoimhdí.....	42
4.4.1 Leibhéal Ghníomhaíochta.....	42
4.4.2 Costais Saothair	42
4.4.3 Cineálacha cairr.....	43
4.5 An tInnéacs Costas Tacsáí don bhliain 2022	44
4.5.1 Costais Reatha.....	45
4.5.2 Costais Sheasta	47
4.5.3 Costais Saothair	50
4.5.4 Costais Iomlána.....	50
4.6 Achoimre agus Conclúid	51
Aguisín A – Bearta maolaithe Covid-19 ar thug an tÚdarás Náisiúnta Iompair Fúthu chun cabhrú le seirbhísí a athbhunú ó mhí an Mhárta 2020 i leith.....	53
Aguisín B – Leibhéal Ghníomhaíochta a Mheas.....	57
Leibhéal Ghníomhaíochta a Mheas, bunaithe ar Shonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh don bhliain 2019	57
Leibhéal Ghníomhaíochta a Mheas, bunaithe ar an Suirbhé ar Thiománaithe don bhliain 2019 (Ualú Samplach)	58
Aguisín C – Comparáid le hInnéacsanna Costas Tacsáí Roimhe	59

1. Réamhrá

1.1 Cúlra

Thug an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe an struchtúr Uastáillí Náisiúnta Tacsáí isteach i mí Mheán Fómhair 2006, agus struchtúr aontaithe taraifí á chur i bhfeidhm aige do gach tacsáí in Éirinn. Ó shin i leith, tá athbhreithniú ar uastáillí tacsáí á dhéanamh thart ar gach dhá bhliain chun measúnú a dhéanamh ar aon choigeartuithe ar athruithe sna costais oibriúcháin agus sa timpeallacht margaidh atá os comhair an tionscail tacsaithe. Le halt 24 den Acht um Rialáil Tacsaithe, 2013, tugtar de chumhacht don Údarás Náisiúnta Iompair “ordú uastáillí” a dhéanamh, rud lena socraítear na huastáillí a fhéadfaidh tiománaí tacsáí a ghearradh. Sula ndéanann sé aon ordú uastáillí, tugann an tÚdarás Náisiúnta Iompair faoi athbhreithniú chun a chinntiú go bhfuil an uastáille atá beartaithe ag teacht go cruinn le costais oibriúcháin tacsaithe. Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair (an tÚdarás) freagrach as na hAthbhreithnithe ar Uastáillí Náisiúnta Tacsáí a dhéanamh ón mbliain 2011 i leith.

Mionsonraítear sa tuarascáil seo an cur chuige a glacadh le linn an Athbhreithnithe ar Uastáillí Náisiúnta Tacsáí don bhliain 2022, a rinneadh i mí Feabhra agus i mí an Mhárta 2022, agus na fionnachtana a tháinig as an athbhreithniú sin.

1.2 Cuspóirí an Athbhreithnithe

Is iad seo a leanas na cuspóirí atá leis an Athbhreithniú ar Uastáillí Náisiúnta Tacsáí:

- Meastachán a dhéanamh ar an meánleibhéal gníomhaíochta i measc tacsaithe in aon bhliain ar leith, bunaithe ar shonraí suirbhé agus ar fhoinsí oifigiúla eile sonraí
- Gach gné den Innéacs Costas Tacsáí a nuashonrú, lena n-áirítear an costas seasta bliantúil agus na costais reatha bhliantúla ar an meántacsáí, bunaithe ar na leibhéil ghníomhaíochta a cinneadh, agus costais saothair (bunaithe ar shonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh).
- Measúnú a dhéanamh ar a chuí atá an struchtúr reatha táillí i bhfianaise dálaí margaidh.

1.3 Struchtúr na Tuarascála

Tá struchtúr na tuarascála leagtha amach thíos:

- I Rannán 2, tugtar cúlra agus comhthéacs maidir leis an Athbhreithniú reatha ar Tháillí.
- I Rannán 3, cuirtear síos ar na forbairtí margaidh a bhí ann sa tionscal le déanaí, lena n-áirítear breac-chuntas ar mhórdhálaí geilleagracha agus ar na saintréithe soláthair agus éilimh atá le breathnú i margadh na hÉireann.
- I Rannán 4, déantar athríomh ar an Innéacs Costas Tacsáí. Úsáidtear fionnachtana an Innéacs Costas Tacsáí chun na hathruithe a tháinig ar chostais oibriúcháin an tionscail ó na blianta 2017 agus 2019 a shuí.
- I Rannán 5, cuirtear i láthair na conclúidí agus na moltaí i ndáil le leibhéal na n-uastáillí.

2. Cúlra maidir leis an Athbhreithniú ar Uastáillí Náisiúnta Tacsáí don Bhliain 2022

2.1 Forbhreathnú ar Thionscal Tacsaithe na hÉireann

Tá an tionscal Beagfheithicilí Seirbhíse Poiblí i bPoblacht na hÉireann comhdhéanta de thacsaithe, de fhruilcharranna agus de limisíní. Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair freagrach as an tionscal beagfheithicilí seirbhíse poiblí in Éirinn a rialáil. Áirítear leis an bhfreagracht sin táillí tacsáí a rialáil. Ghlac sé an ról sin ón gCoimisiún um Rialáil Tacsaithe sa bhliain 2011. Cuimsíonn an creat rialála don tionscal na hAchtanna comhdhlúite um Rialáil Tacsaithe, 2013 agus 2016, na Rialacháin um Rialáil Tacsaithe (Beagfheithicilí Seirbhíse Poiblí), 2015 agus 2016, agus an tOrdú fán Acht um Rialáil Tacsaithe, 2013 (Uastáillí), 2017.

Is é an réasúnaíocht atá taobh thiar de bheagfheithicilí seirbhíse poiblí a rialáil ná a chinntiú go bhfaigheann paisinéirí feithicil shábháilte dá dturas agus go bhfuil árachas cuí i bhfeidhm don feithicil sin agus go bhfuil sí á tiomáint ag duine a ndearna an Garda Síochána grinnfhiosrúchán air/uirthi agus, i gcás tacsaithe, a chinntiú go bhfuil córas réamhbhunaithe fíoraithé muirearaithe i bhfeidhm. Is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair an t-údarás ceadúnúcháin le haghaidh beagfheithicilí seirbhíse poiblí agus oibritheoirí seoltacha (soláthraithe seirbhíse áirithinte). Áirítear leis sin gach ceadúnas feithicle agus gach ceadúnas oibritheora sheoltaigh a dheonú, a athnuachan agus a chúlghairm, mar aon le plé leis an ngníomhaíocht ghaolmhar ceadúnúcháin, cigireachta agus comhlíonta ar fad.

Amhail mí Feabhra 2022, bhí 18,787 gcinn de bheagfheithicilí ceadúnaithe seirbhíse poiblí (tacsaithe, fruilcharranna agus limisíní) ann sa fhlít, cothrom le laghdú 10.5% ar an bhfigiúr don bhliain 2019. Is ann do 3,354 cheadúnas feithicle eile, áfach, atá neamhghníomhach faoi láthair agus a fhéadfar a athghníomhachtú ar feadh tréimhse 24 mhí tar éis dul in éag. Rinne an tÚdarás an beart sin le linn na paidéime chun cur ar chumas sealbhóirí ceadúnais coinneáil ceangailte leis an tionscal gan aon chostais ghaolmhara a íoc le linn na tréimhse an-éiginnte sin. Is féidir go gcuirfear na ceadúnais sin ar ais de réir mar a théarnaíonn an t-éileamh.

Ní bhaineann an tAthbhreithniú ar Tháillí ach amháin leis an bhflít tacsaithe, atá freagrach as 84 faoin gcéad den fhlít iomlán beagfheithicilí seirbhíse poiblí (ní chuirtear fruilcharranna ná limisíní ar áireamh ann). Áirítear leis an bhflít tacsaithe feithicilí caighdeánacha tacsáí agus tacsaithe atá inrochtana ag cathaoirreacha rothaí agus, mura luaitear a mhalairt, is leis an dá chineál feithicilí sin a bhaineann gach tagairt do thacsaithe sa tuarascáil seo. Tháinig méadú ar an líon ceadúnas tacsáí in Éirinn tar éis an tionscal a léirscaoileadh, agus é ag méadú ó 4,218 gcinn sa bhliain 2000 go 15,686 cinn faoin mbliain 2005. Lean an líon ceadúnas tacsáí le méadú suas go dtí an bhliain 2008, tráth a bhí 21,177 dtacsáí san iomlán ann, sular thit sé ar feadh roinnt blianta tar éis na géarchéime baincéireachta agus an chúlaithe eacnamaíochta in Éirinn. Cé gur maolaíodh an meath agus gur thosaigh an líon tacsaithe ag méadú arís sna blianta 2018 agus 2019, agus 17,814 feithicil á mbaint amach, ba as paidéim Covid-19 a tháinig laghdú tobann ar an bhfigiúr ar fud na mblianta 2020 agus 2021. D'éirigh a lán ceadúnas tacsáí neamhghníomhach dá dheasca sin.

Bhí 15,838 dtacsáí ann sa fhlít amhail mí Feabhra 2022. Tá an líon sin 11 faoin gcéad níos ísle ná an figiúr sa bhliain 2019 agus tá sé ag teacht leis an líon a bhí gníomhach sa bhliain 2005, tráth a bhí ag éirí go geal leis an ngeilleagar. Cé go ndéanfar cur síos níos mine i Rannán 3.4 ar an soláthar tacsaithe, is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil an soláthar tacsaithe fós ceithre huairte níos airde ná mar a bhí roimh an léirscaoileadh. Léiríonn sé sin gur fhreagair an tionscal go dearfach arís agus arís eile do phróisis shuaiteacha agus, ag an am céanna, gur ghlac leis an nuálaíocht teicneolaíochta agus go raibh sé athléimneach in aghaidh dálaí luaineacha margaidh le déanaí.

2.2 Athruithe Struchtúrtha i dTionscal Tacsaithe na hÉireann


Níl aon bhacainní suntasacha ann ar thiománaithe dul isteach sa mhargadh beagfheithicilí seirbhíse poiblí in Éirinn le fiche bliain anuas. Ní ionann an scéal sin ina lán tíortha eile. Mar sin, ní ábhar iontais ar bith é gur mó i bhfad an líon beagfheithicilí seirbhíse poiblí in aghaidh an duine in Éirinn, agus é cothrom le 3.7 ceann in aghaidh an mhíle duine, ná an líon i bhformhór na dtíortha san Eoraip. Is í an Ríocht Aontaithe an t-aon áit amháin ag a bhfuil leibhéal soláthair níos airde, agus 4.4 beagfheithicilí seirbhíse poiblí in aghaidh an mhíle duine ann. Is é an meánlíon beagfheithicilí seirbhíse poiblí san Eoraip thiar ná 1.3 ceann in aghaidh an mhíle duine.

Tá an soláthar beagfheithicilí seirbhíse poiblí i mBaile Átha Cliath ard de réir caighdeáin idirnáisiúnta freisin, agus é cothrom le 7.4 ceann in aghaidh an mhíle duine. Tá idir 0.6 beagfheithicilí seirbhíse poiblí agus 1.9 beagfheithicilí seirbhíse poiblí in aghaidh an duine ann i gcathracha den mhéid chéanna amhail Osló, Hamburg, Vín, Sevilla agus an Bhruiséil.

Cé go bhfuil an soláthar beagfheithicilí seirbhíse poiblí fós ard in Éirinn, tá an bharna idir í agus tíortha eile ag laghdú le blianta beaga anuas, ar lena linn a rinneadh aistriú soiléir i dtreo na srianta ar dhul isteach sa mhargadh a mhaolú nó a dhíothú ina lán tíortha. Bhí Éire ar thús cadhnaíochta an athraithe san earnáil agus tá na gníomhartha a rinne sí féin á ndéanamh anois i dtíortha amhail an Fhionlainn, an Fhrainc, an Astráil, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Ceanada.

Tá comhdhéanamh an fhlít beagfheithicilí seirbhíse poiblí ag athrú le himeacht ama freisin. Tá fás soiléir ann sa chéatadán de thacsaithe atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí (Fíor 2.1), agus iad freagrach as 20 faoin gcéad den fhlít tacsaithe sa bhliain 2022. Is fiú trácht a dhéanamh freisin ar theacht chun cinn na gcarranna leictreacha sa fhlít tacsaithe (beagfheithicilí leictreacha seirbhíse poiblí), agus an líon feithicilí den sórt sin ag méadú go 780 ceann faoi dheireadh na bliana 2021. Táthar ag súil leis go leanfaidh an líon beagfheithicilí leictreacha seirbhíse poiblí ag méadú, i bhfianaise thiomantas an Údaráis don tionscal tacsaithe a ghlású agus a dhícharbónú.

Fíor 2.1: An Fhlít Tacsaithe, 2007-2022



Foinse: Staitisticí Tacsaithe ón Údarás Náisiúnta Iompair

2.3 An Uastáille Náisiúnta Tacsáí

Rinne an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe an struchtúr Uastáillí Náisiúnta Tacsáí a bhunú i mí Mheán Fómhair 2006. Roimhe sin, bhí feidhm ag struchtúir dhifriúla táillí i 34 limistéar tacsáiméadair ar leith. Is córas réamhbhunaithe fíoraithe muirearaithe é an struchtúr Uastáillí Náisiúnta Tacsáí, lena dtugtar trédhearcacht agus cinnteacht maidir le táillí a ríomh. Tá sé mar aidhm leis an gcóras tomhaltóirí a chosaint ó thaobh praghsála de agus cothromas a chinntiú idir an pobal taistil agus tiománaithe. Toradh eile atá ar an bpróiseas trédhearcach sin is ea cinnteacht a thabhairt do thiománaithe agus iad a chumasú cinní gnó a dhéanamh.

Cuspóirí eile atá leis an Uastáille Náisiúnta Tacsáí a shocrú is ea gur cheart táillí a bheith simplí agus gur cheart iad a ríomh ar bhonn ama agus achair trí mhéadar réamh-ríomhchláraithe a úsáid. Ba cheart na costais bhreise uile a chur ar áireamh san uastáille a ríomhtar agus ba cheart iad a bheith le feiceáil ar an méadar agus ar an admháil a eisítear. Áirítear leis na costais bhreise sin, mar shampla, táille áirithinte €2 a ghearrtar i gcás go gcuirtear an tacsáí in áirithe roimh ré – i.e., i gcás nach bhfostaítear ag stad tacsáí é nó nach stadtar ar an tsráid é – agus táille €1 a ghearrtar i leith gach paisinéara aosaigh bhreise.

Áirítear leis an Uastáille Náisiúnta Tacsáí reatha táille sheasta thosaigh agus dhá bhanda taraife atá bunaithe ar achar an turais. Tá táillí éagsúla i gceist leis na bandaí taraife sin freisin, agus iad ag brath ar an am den lá ag a dtógtar an turas: is de réir ráta caighdeánach a ghearrtar turais a thógtar idir 8 a.m. agus 8 p.m., ach amháin ar an Domhnach agus ar laethanta saoire, agus is de réir ardráta a ghearrtar turais a thógtar idir 8 p.m. agus 8 a.m. ar an Domhnach agus ar laethanta saoire. Tá feidhm ag ardráta speisialta le linn thréimhse na Nollag agus na Bliana Nua.

Fíor 2.1: An Uastáille Náisiúnta Tacsáí Reatha

		Initial Charge	Tariff A	Tariff B
		<i>Up to 0.5 km or 85 secs</i>	<i>Next 14.5 km or 41 mins</i>	<i>Thereafter</i>
Standard Rate <i>(displayed as 1 on the taximeter)</i>	8am to 8pm Monday to Saturday (except public holidays)	€3.80	€1.14 per km or €0.40 per minute Up to total €20.40	€1.50 per km or €0.53 per minute
Premium Rate <i>(displayed as 2 on the taximeter)</i>	8pm to 8am Monday to Saturday, all day Sundays, most public holidays	€4.20	€1.45 per km or €0.51 per minute Up to total €25.40	€1.80 per km or €0.64 per minute
Special Premium Rate <i>(displayed as 3 on the taximeter)</i>	8pm 24 December to 8am 26 December, 8pm 31 December to 8am 1 January	€4.20	€1.80 per km or €0.64 per minute	

Foinse: An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Tá an Uastáille Náisiúnta Tacsáí reatha léirithe i bhFíor 2.1. Tá an Uastáille Náisiúnta Tacsáí reatha i bhfeidhm ó mhí Feabhra 2018, tráth a méadaíodh táillí faoi 3.2 faoin gcéad ar an meán. Cuireadh an méadú sin chun feidhme de bhun an Athbhreithnithe ar Tháillí don bhliain 2017, rud ina bhfuarthas amach gur tháinig méadú ar chostais idir na blianta 2014 agus 2016. Cé gur moladh san Athbhreithniú ar Tháillí don bhliain 2019 go méadófaí an Uastáille Náisiúnta Tacsáí faoi 4.5 faoin gcéad (4% chun freastal ar an méadú san Innéacs Costas Tacsáí agus 0.5% chun freastal ar an gceanglas éigeantach a

cuireadh ar thiománaithe tacsáí saoráidí íocaíochta gan airgead tirim a sholáthar do gach paisinéir), níor cuireadh an méadú sin chun feidhme de dheasca phaindéim Covid-19. Dá réir sin, tá an Uastáille Náisiúnta Tacsáí gan athrú ó mhí Feabhra 2018 i leith. Tharla sé sin beag beann ar an Ordú nua Uastáillí don mhéadú sin a bheith á cheadú ag Bord an Údaráis i mí Feabhra 2020. Mar sin féin, mar thoradh ar an gcur isteach a chruthaigh paindéim Covid-19 agus srianta taistil agus mar gheall ar an bhfreagairt a bheadh ag paisinéirí d'aon mhéadú ag an am sin, mhol an Coiste Comhairleach um Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí agus ionadaithe don tionscal tacsaithe go n-iarchuirfí tosach feidhme an Ordaithe Uastáillí. Ghlac an tÚdarás agus an Roinn Iompair leis an moladh sin.

2.4 Athbhreithnithe Roimhe ar Uastáillí Náisiúnta Tacsáí

Moladh san Athbhreithniú ar Tháillí don bhliain 2010 nár cheart aon athrú a dhéanamh ar na táillí a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2008. Moladh ann, áfach, go ndéanfaí breithniú ar dheireadh a chur le Taraif C ar mhaithe leis an struchtúr táillí a shimplíú.

Moladh san Athbhreithniú ar Tháillí don bhliain 2012 go méadófaí táillí faoi thart ar 4 faoin gcéad agus go simpleofaí an struchtúr táillí. Moladh ann freisin go gcuirfí deireadh le Taraif C agus go laghdófaí an muirear tosaigh. Tar éis dul i gcomhairle leis an bpobal agus leis an tionscal sa bhliain 2012, níor cuireadh na moltaí sin chun feidhme.

Roimh an mbliain 2014, bhí trí bhanda taraife ann sa struchtúr uastáillí. Bhí feidhm ag Taraif A maidir leis an gcéad 14 km/40 nóiméad a taistealaíodh tar éis an mhuirir thosaigh. Bhí feidhm ag Taraif B i ndiaidh 15 km/42 nóiméad. Bhí feidhm ag Taraif C maidir leis an taisteal ar fad os cionn 30 km/85 nóiméad. Moladh san Athbhreithniú ar Tháillí don bhliain 2014 go méadófaí táillí faoi thart ar 4 faoin gcéad agus go simpleofaí an struchtúr táillí. Ba iad na hathruithe a moladh ann ná deireadh a chur le Taraif C, an muirear tosaigh a ísliú agus an córas ardrátaí a shoiléiriú le haghaidh obair oíche, obair deireadh seachtaine agus obair le linn thréimhsí na Nollag agus na Bliana Nua. Chuir an tÚdarás na hathruithe sin chun feidhme i mí Aibreáin 2015.

Moladh san Athbhreithniú ar Tháillí don bhliain 2017 go méadófaí an uastáille bunaithe ar an bhfionnachtain gur tháinig méadú ar chostais. Ina dhiaidh sin, méadaíodh táillí faoi thart ar 3.2 faoin gcéad ar an meán i mí Feabhra 2018.

Moladh san Athbhreithniú ar Tháillí don bhliain 2019 go méadófaí an uastáille Náisiúnta Tacsáí faoi 4.5 faoin gcéad, rud lenar áiríodh coigeartú 0.5 faoin gcéad i leith na gcostas breise (táillí idirbhirt agus costais crua-earraí) a bheadh le híoc ag tiománaithe chun glacadh le híocaíochtaí gan airgead tirim. Ullmhaíodh Ordú Uastáillí don mhéadú sin tar éis athbhreithniú comhairliúcháin phoiblí. Mar atá luaite cheana féin, níor cuireadh an tOrdú sin chun feidhme. Roimh chur chun feidhme an mhéadaithe bheartaithe, bhain paindéim Covid-19 Éire amach. Mar thoradh ar an bpaindéim agus ar an tionchar millteanach a bhí aici ar an tionscal beagfheithiclí seirbhíse poiblí, mhol an Coiste Comhairleach um Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí agus ionadaithe don tionscal tacsaithe ag an am nach gcuirfí aon mhéadú chun feidhme sa bhliain 2020. D'aontaigh an tÚdarás agus an Roinn Iompair araon leis an moladh sin. Dá bhrí sin, is ionann an Uastáille Náisiúnta Tacsáí reatha agus an táille a socraíodh i mí Feabhra 2018 agus tá na moltaí a dhéantar sa tuarascáil seo ríofa ón mbliain 2018. Cé nár cuireadh an méadú a moladh sa bhliain 2020 chun feidhme, agus nárbh fhiú dada é i bhfianaise na srianta ar an taisteal agus i bhfianaise an laghdaithe sa chuid is mó den ghníomhaíocht gheilleagrach a bhfuil tacsaithe spleách uirthi, bhí sé mar aidhm ag an Údarás ó thús na paindéime tacaíocht agus cúnaimh a thabhairt don tionscal beagfheithiclí seirbhíse poiblí a bhí ann cheana ar aon slí a bhí ceadaithe faoina shainchúram. Áiríodh na nithe seo a leanas leis na tacsáí a soláthraíodh:

- Dátaí éaga le haghaidh ceadúnais feithicle a iarchur ar feadh tréimhse trí mhí tar éis theacht chun cinn na paidéime in Éirinn;
- Rialacháin éigeandála a achtú chun táillí athnuachana déanaí arbh fhiú suas le €500 iad a tharscaoileadh le haghaidh sealbhóirí ceadúnais feithicle ó thús na paidéime go mí an Mheithimh 2022, agus táillí á laghdú suas go deireadh na bliana;
- Rialacháin éigeandála a achtú chun táillí athnuachana a tharscaoileadh le haghaidh ceadúnais feithicle caighdeánaí do na blianta 2021 agus 2022;
- Dul i dteagmháil le soláthraithe árachais chun laghduithe préimhe a sholáthar, lenar áiríodh lascaine cumhdaigh phríobháidigh arbh fhiú suas le 60 faoin gcéad í fad nach rabhtas ag soláthar seirbhísí tacsáí agus lascaine cumhdaigh phríobháidigh arbh fhiú suas le 90 faoin gcéad í i leith aistriú chuig cumhdach Dóiteáin agus Gadaíochta amháin;
- Rialacháin éigeandála a achtú lenar fadaíodh an aois oibríochtúil incheadaithe uasta le haghaidh feithiclí, á chinntiú nach mbeadh sé riachtanach aon fheithicil a bhaint den fhliú beagfheithiclí seirbhíse poiblí sna blianta 2020, 2021 ná 2022 mar thoradh ar a haois; agus
- Rialachán a achtú lenar dúblaíodh an tréimhse (go 24 mhí) ar ar a feadh a d'fhéadfaí ceadúnais tacsáí, fruilchairr agus limisín a choinneáil neamhghníomhach tar éis dul in éag sula gcaillfí an acmhainn chun iad a athnuachan;
- Táillí na Tástála Náisiúnta Carranna a tharscaoileadh agus lacáiste Mótarchánach a chistiú le haghaidh oibrítheoirí beagfheithicle seirbhíse poiblí ar feadh tréimhse 12 mhí ó mhí Mheán Fómhair 2021.

Cé gur laghdaigh na lamháltais sin an t-ualach costais ar thiománaithe tacsáí, ní chuirtear an laghdú sin i gcostais san áireamh sa ríomhaireacht seo ar an Innéacs Costas Tacsáí ná san Athbhreithniú seo ar Uastáillí.

3. Dálaí reatha margaidh

3.1 Réamhrá

Leagtar amach sa rannán seo den tuarascáil na dálaí reatha sa mhargadh tacsaithe, lena n-áirítear an comhthéacs geilleagrach ginearálta agus an t-éileamh ar thacsaithe agus an soláthar tacsaithe.

Tugtar i Rannán **Error! Reference source not found.** forbhreathnú gearr ar an timpeallacht gheilleagrach in Éirinn ó rinneadh an tAthbhreithniú ar Uastáillí Náisiúnta Tacsáí don bhliain 2019. Cé gur tharla sé in athbhreithnithe roimhe go raibh ceangal ann, tríd is tríd, idir an t-éileamh ar thacsaithe agus dálaí geilleagracha seachtracha amhail fostaíocht agus caiteachas tomhaltóirí, rinne an cur isteach ar an trádáil de dheasca an Bhreimeachta agus paidéim Covid-19 difear ollmhór do ghnáth-threochtaí geilleagracha. Tháinig coinbhleacht gan fasach chun cinn san Úcráin le linn an Athbhreithnithe seo ar Tháillí (Feabhra 2022). D'aithin Rialtas na hÉireann scála agus scóip na n-impleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann don Stát, á chomhaontú go mbeadh freagairt chomhordaithe uile-rialtais ag teastáil chun na himpleachtaí sin a íoslghdú.²

Mar thoradh ar an méadú i gcostais allmhairiúcháin, rinne an Breatimeacht difear don inmharthanacht eacnamaíoch a bhaineann le feithiclí athláimhe a fhoinsiú ón Ríocht Aontaithe lena n-athdhíol i margadh na hÉireann. Baineann deacracht eile le teacht ar fheithiclí a tógadh de réir Cineálcheadú Eorpach de chuid na Gníomhaireachta um Dheimhniú Feithiclí (VCA) sa Ríocht Aontaithe. I gcás gur cláraíodh feithicil athchóirithe in Éirinn tar éis mhí na Nollag 2020, teastaíonn fianaise gur aistríodh an Cineálcheadú lena mbaineann chuig Údarás Ceadaithe de chuid AE-27.

Mar gheall ar laigí a bhain leis an teicneolaíocht ceallra agus leis an raon gaolmhar a bhí ag feithiclí, ba sa deighleog 'carranna meánmhéide' a tháirg monaróirí feithiclí leictreacha ar dtús. A bhuí le héifeachtúlachtaí méadaitheacha agus le feabhsuithe sa teicneolaíocht ceallra, is ann anois d'fheithiclí móra a bhfuil raon níos airde acu. Is gan fasach atá na cúiseanna leis an easnamh reatha feithiclí, agus áirítear leo na nithe seo a leanas: an Breatimeacht; Paidéim Covid-19; an t-easnamh leanúnach micreaphróiseálaithe ar fud an domhain; agus an cogadh san Úcráin. Rinne gach ceann de na tosca sin difear díreach nó indíreach don soláthar feithiclí.

Is iad na saincheisteanna geilleagracha is suntasaí a sainithníodh a bheith ábhartha maidir leis an Athbhreithniú ar Uastáillí Náisiúnta Tacsáí ná an soláthar breosla agus fuinnimh, boilsciú agus an costas maireachtála, oiriúnú don athrú aeráide, na dúshláin a chruthaíonn an Breatimeacht do sholáthraithe, tionchair na paidéime, agus dúshláin don gheilleagar i bhfianaise na géarchéime leanúnaí geopholaitiúla, rud a chuireann leis an éiginnteacht a bhí ann cheana. Agus an t-athbhreithniú seo á scríobh, tá éiginnteacht shuntasach ann maidir le cá fhad a bheidh an staid dhomhanda luaineach agus maidir le cé acu a thiocfaidh nó nach dtiocfaidh aon athruithe fadtéarmacha buana nó cinnte as an ngéarchéim gheopholaitiúil. Ina theannta sin, d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide Plean Gnímh don Aeráid (2021)³. Leagtar amach sa phlean sin gníomh ar leith chun aistriú chuig feithiclí leictreacha agus chun feithiclí breosla iontaise a dhídhreasú ag an am céanna agus sainithnítear go sonrach ann gur gá leanúint le "tacú leis an bhflít tacsaithe a ghlású, agus dreasachtaí á gcur ar fáil do Bheagfheithiclí Ceallra-Leictreacha Seirbhíse Poiblí". Cé go bhfuiltear ag díriú láithreach ar an éiginnteacht i bpragsanna breosla, ba cheart plé leis sin i mór-chomhthéacs an aistrithe ar shiúl ó fhlít tacsaithe atá spleách ar bhreoslaí iontaise.

² Roinn an Taoisigh (2022). Ráiteas ón Rialtas: Freagairtí náisiúnta don choibhleacht san Úcráin. Preaseisiúint arna heisiúint an 8 Márta 2022. Arna rochtain an 23/03/2022. <https://www.gov.ie/en/press-release/60bfd-government-statement-re-ukraine-national-responses/>

³ An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (2021). An Plean Gnímh don Aeráid, <https://www.gov.ie/en/publication/6223e-climate-action-plan-2021/>

Mar aitheantas ar an ról tábhachtach a imríonn beagfheithiclí seirbhíse poiblí maidir leis an iompar poiblí a dhéanamh níos inbhuanaithe, gheall an tAire Ryan cistiú €15m faoin mBuiséad uaidh don bhliain 2021 chun cabhrú leis an tionscal beagfheithiclí seirbhíse poiblí aistriú chuig feithiclí lánleictreacha astaíochtaí nialasacha. Fadaíodh an Scéim Deontas don bhliain 2021 go dtí an 31 Márta 2022 i gcásanna ina raibh moill ann ar fheithiclí a sheachadadh chuig iarratasóirí. Mar gheall ar an rath ollmhór a bhí ar an Scéim Deontas le haghaidh Beagfheithiclí Leictreacha Seirbhíse Poiblí don bhliain 2021, soláthraíodh cistiú €15m don Scéim Deontas le haghaidh Beagfheithiclí Leictreacha Seirbhíse Poiblí don bhliain 2022. Osclaíodh an scéim sin i mí Feabhra 2022 agus tá tóir níos airde fós uirthi, agus breis agus 1,000 iarratas á bhfáil laistigh den chéad naoi seachtaine den scéim.

Is in aghaidh an chúlra sin a bhreithnítear sna rannáin seo a leanas na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag treochtaí geilleagracha ar an tionscal tacsaithe.

Tugadh faoi chúig shuirbhé ar chustaiméirí tacsaithe – ceann amháin i mí Dheireadh Fómhair 2020, i mí Feabhra 2021, i mí na Bealtaine 2021, i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus i mí an Mhárta 2022 faoi seach – chun iniúchadh a dhéanamh ar na patrúin éilimh ar sheirbhísí tacsaithe. Tá na príomhfhionnachtana ó na suirbhéanna sin curtha i láthair i Rannán 3.3, ina dtugtar léargas luachmhar ar iompraíocht tomhaltóirí agus ar na treochtaí a bhíonn ag teacht chun cinn i ndáil leis an éileamh i measc custaiméirí agus i ndáil le meonta custaiméirí.

Scrúdaítear i Rannán 3.4 an soláthar seirbhísí tacsaithe trí úsáid a bhaint as sonraí ón Údarás agus as na torthaí ó shuirbhé náisiúnta a rinneadh ar thiománaithe tacsaithe i mí Feabhra/i mí an Mhárta 2022. Tríd is tríd, b'ionann an suirbhé sin agus an ceann a rinneadh sa bhliain 2019, agus ceisteanna cuí a bhaineann leis an bpaindéim á gcur leis. Tá an suirbhé mar chuid den idirphlé leantach idir an tÚdarás agus an tionscal tacsaithe, áit a mbreathnaítear athruithe i meon agus iompraíocht tiománaithe agus a gcuirtear na hathruithe sin san áireamh i gcreat rialála an tionscail.


3.2 An Timpeallacht Geilleagrach

Téamaí a tháinig chun cinn arís agus arís eile i ngeilleagar na hÉireann thar an dá bhliain seo a chuaigh thart is ea teacht aniar agus téarnamh, agus is dóigh go leanfaidh siad le teacht chun cinn sa todhchaí. Le linn na tréimhse sin, cuireadh féachaint ar na scileanna bainistíochta géarchéime atá ag teaghlaigh, ag pobail, ag gnólachtaí agus ag an rialtas de réir mar a bhuaill sraith ráigeanna coróinvírís an tír, agus iad ina gcúis le roinnt suaité neamhthuartha gearr-mhaicreacnamaíoch a bhí costasach agus pianmhar araon. Tá a lán tráchtairí measartha soirbhíoch maidir le geilleagar na hÉireann faoi láthair, mar gheall go raibh Éire ar an aon tír amháin den Aontas Eorpach ina raibh fás dearfach in olltáirgeacht intíre sa bhliain 2020, rud a tháinig as gníomhaíocht san earnáil onnmhairiúcháin. Tá an chuma ar an scéal go leanfaidh an t-ionchas maicreacnamaíoch d'Éirinn le bheith dearfach don gheilleagar foriomlán. Ceileann sé sin, áfach, an cur isteach a bhí ann in earnálacha áirithe, go háirithe earnálacha seirbhísí intíre amhail an tionscal tacsaithe. Is é an cheist is mó ná a mhéid a bheidh tionchair bhuana nó fhadtéarmacha ag an bpaindéim ar an tionscal tacsaithe.

San am atá thart, bhí ceangal láidir ann idir fás geilleagrach (ó thaobh Ollioncaim Náisiúnta (OIN) de) agus úsáid an iompair phoiblí, mar atá léirithe, i gcás seirbhísí bus agus iarnróid, i bhFíor 3.1. Mar sin féin, bhí laghdú suntasach ann in úsáid an iompair phoiblí i measc paisinéirí sa bhliain 2020 mar thoradh ar an bpaindéim agus ar na srianta gaolmhara taistil agus mar thoradh ar dhúnadh seirbhísí neamhriachtanacha, beag beann ar an méadú leanúnach in OIN* ag an am céanna. Cé gur théarnaigh úsáid tacsaithe go pointe éigin ón mbliain 2020, tá sí fós faoi bhun na leibhéal a bhí i réim roimh an bpaindéim. Cé go bhféadfadh sé sin a thabhairt le fios gur fearr le daoine seirbhísí tacsaithe ná modhanna eile ar chúiseanna sábháilteachta, is dóigh go mbeidh tionchar níos fadtéarmaí ag an bpaindéim ar úsáid an iompair phoiblí. Go háirithe, tháinig laghdú suntasach ar úsáid an iompair phoiblí i measc

oibríthe i roinnt earnálacha den gheilleagar mar thoradh ar an bhfás i socruithe cianoibre agus oibre solúbtha. Tá aistriú inbhraite ar shiúl ó chruinnithe corparáideacha idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúla a thionól i bpearsa agus i dtreo cruinnithe fíorúla a thionól ar líne ar chúiseanna ísealcharbóin (deachleachtas chomhshaoil agus rialachais shóisialta) agus ar chúiseanna éifeachtúlachta gnó araon. An ceangal a bhí ann roimhe seo idir an líon daoine san fhostaíocht agus an líon turas comaitéireachta a thógtar, is féidir nach mbeidh sé chomh láidir céanna as seo amach. Mar sin, níl sé soiléir cén uair a fhillfidh úsáid an iompair phoiblí ar na leibhéil a bhí i réim sa bhliain 2019.

Fíor 3.1: An Líon Paisinéirí Iompair Phoiblí (Iarnród agus Bus) agus Ollioncam Modhnaithe Náisiúnta, 2010-2020



Foinse: Staitisticí Bus agus Iarnróid ón Údarás Náisiúnta Iompair, 2021; Cuntais Náisiúnta Ráithiúla ón bPríomh-Oifig Staidrimh, 2022.

D’fhoilsigh an Roinn Iompair an Creat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn uathí sa bhliain 2021⁴, rud inar tugadh faoi deara treocht éiritheach an iompair chomhroinnte, ar a dtugtar “Soghluaisteacht ar Éileamh”. Tá tacsaithe ina gcomhpháirt dhílis den tsoghluaisteacht ar éileamh, agus tugtar faoi deara go n-imreoidh an tsoghluaisteacht chomhroinnte tacsáí ról tábhachtach maidir leis an earnáil iompair a dhícharbónú sna blianta atá romhainn.

Fás Geilleagrach


Ba iad na príomh-shaintréithe in Éirinn idir na blianta 2017 agus 2019, na trí bliana roimh theacht na paidéime, ná fás geilleagrach láidir, laghdú i leibhéil dífhostaíochta agus méadú i gcaiteachas tomhaltóirí. Bhí impleachtaí dearfacha ag gach ceann de na nithe sin don tionscal tacsaithe. Chnap an geilleagar sa bhliain 2020, agus laghdú 4.9 faoin gcéad ann in Ollioncam Modhnaithe Náisiúnta (OIN*).⁵ Tá na réamhaisnéisí geilleagracha le haghaidh fás in OIN* léirithe i bhFíor 3.2, ina meastar go mbeidh fás agus borradh leantach ann sa gheilleagar. Meastar go mbeidh méadú 5.2 faoin gcéad ann

⁴ An Roinn Iompair (2021). Creat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn, <https://www.gov.ie - Creat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn>

⁵ Tá Ollioncam Modhnaithe Náisiúnta (OIN*) bunaithe ar Ollioncam Náisiúnta lúide dímheas ar allmhairí seirbhíse a bhaineann le taighde agus forbairt agus trádáil i maoin intleachtúil, dímheas ar aerárthaí lena léasú, agus glanioncam cuideachtaí poiblí teoranta nach bhfuil sainchónaí orthu sa tír.

in OIN* sa bhliain 2022, agus turtar i réamhaisnéisí reatha ón rialtas go leanfaidh sé le méadú thar an gcéad trí bliana eile.⁶

Fíor 3.2: Fás Réamh-Mheasta in OIN na hÉireann, 2017-202



Foinse: An Roinn Airgeadais, Ionchas Geilleagrach agus Fioscach 2021

*réamhaisnéis

Is féidir go mbeidh difríocht mhór ann idir na réamhaisnéisí ón Roinn Airgeadais agus na rátaí fíorfháis, áfach. Ar thaobh amháin, bhí an fás in OIN* níos airde ná na réamhaisnéisí ina lán cásanna le blianta beaga anuas, a bhí le hearnálacha láidre onnmhairiúcháin agus ilnáisiúnta. Mar shampla, bhí an fás in OIN* sa bhliain 2019 cothrom le 9.0 faoin gcéad. B’airde i bhfad an figiúr sin ná an fás 4.5 faoin gcéad a tuaradh roimh Bhuiséad 2019.⁷ Mar sin féin, faoi mar a thacaigh earnáil láidir ilnáisiúnta le cuid mhór den fhás sin, d’fhéadfadh athruithe tobanna i ndálaí geilleagracha domhanda an treocht sin a aisiompú. Tharla sé sin mar thoradh ar phaindéim Covid-19, ar dá deasca a thit OIN* faoi 4.9 faoin gcéad sa bhliain 2020, agus í ar an gcéad bhliain inar tháinig meath ar ghníomhaíocht gheilleagrach ón mbliain 2011 i leith.

Na rioscaí atá roimh Gheilleagar na hÉireann

Áirítear leis na rioscaí atá roimh gheilleagar na hÉireann faoi láthair forbairtí geopholaitiúla, ardphraghsanna fuinnimh, ardphiachas náisiúnta, saincheistanna slabhra soláthair, easnaimh thithíochta agus méaduithe leanúnacha i bpraghsanna tí agus i gcíosanna. Mhéadaigh fiachas náisiúnta na hÉireann go €236.3 billiún sa tríú ráithe den bhliain 2021, suas ó €227 billiún 12 mhí roimhe sin. Mar sin féin, tá cóimheas Fiachas-le-OTI na hÉireann cobhsaí go fóill (rud ar táscaire é ar an iasachtaíocht iomlán mar chéatadán de luach na gníomhaíochta geilleagraí ar fad sa tír, mar a thomhaistear le hOlltáirgeacht Intíre (OTI)), agus é cothrom le 57 faoin gcéad de luach OTI anois.⁸ Cuireann ardphiachas rialtais teorainn leis na huirlisí atá ar fáil don rialtas chun freagairt do chor chun donais sa gheilleagar. Mar sin féin, níor tháinig aon éagobhsaíocht airgeadais ná aon scaoll ná anord as na méaduithe i bhfiachas poiblí a bhí le feiceáil ar fud an domhain mar fhreagairt don phaindéim. Chuir an tAontas Eorpach na rialacha atá sa Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis uaidh (atá

⁶ Rialtas na hÉireann, 2021. Buiséad 2022, Ionchas Geilleagrach agus Fioscach, Deireadh Fómhair 2021, <https://assets.gov.ie/201250/f0886750-a25f-4bf4-9d1d-2918347495f0.pdf>

⁷ Rialtas na hÉireann, 2018. Buiséad 2019, Ionchas Geilleagrach agus Fioscach. <https://assets.gov.ie/180596/be15c927-7401-4b35-8b43-b51871e1caf6.pdf>

⁸ Staidreamh Airgeadais Rialtais, Ráithe 3 de 2021, An Phríomh-Oifig Staidrimh, <https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-gfsq/governmentfinancestatisticsquarter32021/>

fréamhaithe i gConradh Maastricht 1992) ar fionraí, a mhéid a bhaineann leis an uasteorainn ar fhiachas poiblí os cionn 60 faoin gcéad de OTI. B'ionann é sin agus athrú bunúsach sa dóigh a ndéantar bainistíocht phoiblí ar an ngeilleagar. Téann éiginnteacht den sórt sin i bhfeidhm ar theaghlaigh, ar a ráta coigiltis agus ar a bpatrúin chaiteachais lánroghnaigh.

Rud a raibh tionchar ollmhór aige ar an slabhra soláthair ar fud an domhain ba ea an cur isteach a bhí ann ar an trádáil de dheasca tréimhsí dianghlasála agus dúnadh teorainneacha mar thoradh ar phaindéim Covid-19. Fágadh coimeádáin sa láthair mhícheart de réir mar a d'aistrigh an trádáil agus mar a laghdaigh acmhainn loingseoireachta. Chuaigh rátaí loingseoireachta in airde go mór sa timpeallacht sin, agus costais á méadú do ghnólachtaí dá dheasca sin. Creideann Banc Ceannais na hÉireann agus an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) go leanfaidh na fadhbanna sin ar aghaidh sa bhliain 2022, agus iad i measc na gcúiseanna a measann siad go mbeidh an ráta boillsithe sa raon idir 6.5 faoin gcéad agus 6.7 faoin gcéad i mbliana.⁹

An Ghéarchéim Thithíochta

Leanann praghsanna tí agus cíosanna le méadú go mear, agus praghsanna tí ag tarraingt anois ar an mbuaicfhigiúr a baineadh amach nuair ba threise an Tíogar Ceilteach. Tháinig méadú 14.4 faoin gcéad ar phraghsanna réadmhaoine cónaithe ar fud na tíre sa bhliain 2021 agus is dóigh go leanfaidh an treocht sin ar aghaidh mar gheall ar an soláthar nua a bheith íseal go fóill.¹⁰ D'fhéadfadh sé sin cur as d'iomáiochas na hÉireann, rud a dhéanfaidh difear dá tharraingtí atá an tír le haghaidh infheistíocht dhíreach eachtrach agus a d'fhéadfadh bac a chur ar thallann/scileanna nua a mhealladh chuig an tír.

Slándáil an tSlabhra Soláthair

Tá an tionchar diúltach atá ag ionradh na Rúise ar an Úcráin ar gheilleagar na hÉireann le feiceáil cheana féin, agus praghsanna fuinnimh ag méadú go mór de réir mar a fhéachann tíortha Eorpacha le laghdú a dhéanamh ar a spleáchas ar ola agus gás ón Rúis. Tháinig méadú suntasach freisin ar na praghsanna ar onnmhairí tábhachtacha eile ón réigiún, lena n-áirítear cruithneacht, leasachán agus alúmanam. Cé go bhfuil tionchar iomlán na smachtbhannaí eacnamaíochta ar an Rúis fós le brath, d'fhéadfadh na fadhbanna geilleagracha domhanda sin na bagairtí a bhí ann cheana ar gheilleagar na hÉireann a dhéanamh níos measa. I gcás an tionscail tacsaithe, áiríodh leo sin na héifeachtaí a bhí ag an mBreitheacht ar an soláthar feithiclí athlámhe d'Éirinn.

Fostaíocht

Cruthaítear deiseanna oibre nuair a bhíonn an geilleagar ag fás. Ní nach ionadh, thit an dífhostaíocht ó 7.4 faoin gcéad i mí Eanáir 2017 go 4.8 faoin gcéad i mí Feabhra 2020 (tráth thús phaindéim Covid-19), agus Éire ag tarraingt ar an 'lánfhostaíocht' staitistiúil ag an am sin.¹¹ Cé nach féidir a rá go cinnte cad is lánfhostaíocht ann in Éirinn, toisc go n-athraíonn an chiall atá léi ó thír go tír, creidtear go forleathan go gciallaíonn sí ráta dífhostaíochta atá sa raon idir 4 faoin gcéad agus 5 faoin gcéad. Mar gheall ar ghéarchéim Covid-19, bhí méadú géar ann sa dífhostaíocht sna blianta 2020 agus 2021, agus í cothrom le 7.7 faoin gcéad i mí an Mhárta 2021. A bhuí le tacaí ón rialtas, áfach, cuireadh cosc ar aon mhéaduithe eile sa dífhostaíocht. Áiríodh leis na tacaí sin an Íocaíocht Dífhostaíochta Paindéime. Bhí an phaindéim ina cúis mhór le daoine aonair a dhíláithriú ón obair in earnálacha áirithe fostaíochta. I mí Aibreáin 2020, ba mhó an céatadán d'oibrithe a raibh an Íocaíocht Dífhostaíochta Paindéime á héileamh acu ná fiche is a cúig faoin gcéad i gceithre earnáil, ba iad sin: Seirbhísí Cóiríochta agus Bia;

⁹ Feasachán Ráithiúil 2022:2, Banc Ceannais na hÉireann, <https://www.centralbank.ie/news/article/quarterly-bulletin-2022-2-economic-growth-set-to-continue-but-slower-higher-inflation-expected-6-Apr-2022>.

Tráchtairacht Gheilleagrach Ráithiúil, Earrach 2022, An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI), https://www.esri.ie/system/files/publications/QEC2022SPR_0.pdf

¹⁰ An Praghasinnéacs Réadmhaoine Cónaithe, Nollaig 2021, An Phríomh-Oifig Staidrimh,


<https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-rppi/residentialpropertypriceindexdecember2021/>

¹¹ An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2022. Dífhostaíocht Mhíosúil, Feabhra 2022.

Foirgníocht; Seirbhísí Riaracháin agus Tacaíochta; Trádáil Mhórdhíola agus Mhiondíola; agus Deisiú Feithiclí. Ag an am sin, bhí an Íocaíocht Dífhostaíochta Paidéime á fáil ag 65 faoin gcéad d’oibrithe i Seirbhísí Cóiríochta agus Bia.¹² Léirítear sna suirbhéanna a rinne an tÚdarás, agus i sonraí ón Roinn Coimirce Sóisialaí, gur bhain 70 faoin gcéad de thiománaithe tacsáí leas as an Íocaíocht Dífhostaíochta Paidéime freisin.

Bhí an ráta dífhostaíochta i mí Eanáir 2022 cothrom le 5.3 faoin gcéad (Fíor 3.3), figiúr atá an-ghar don lánfhostaíocht. Is dóigh go méadóidh boilsciú pá de réir mar a thagaimid amach as paidéim Covid-19 agus mar a thagann meath ar an bhfáil ar shaothar. Chonacthas é sin cheana féin sa bhliain 2021, ar lena linn a tháinig méadú 2.6 faoin gcéad ar phá.¹³ Má leanann an margadh saothair le teannadh idir an gearrthearma agus an meántearma, is dóigh go mbeidh ardráta boilscithe pá ann ar fud an gheilleagair, rud a léireoidh na deacrachtaí a bheidh ag cuideachtaí agus ag fostóirí oibrithe agus saothar oilte a fháil agus a choinneáil.

Fíor 3.3: An Ráta Míosúil Dífhostaíochta in Éirinn, 2017-2022



Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh


Caiteachas Tomhaltóirí

Bhí tionchar ollmhór ag an bpaindéim ar chaiteachas tomhaltóirí, agus laghdú suntasach i gcaiteachas bliantúil teaghlaigh á thaifeadh sna blianta 2020 agus 2021. Tháinig méadú beag ar chaiteachas tomhaltóirí sa dara leath den bhliain 2021, áfach. Léirítear i bhFíor 3.4 an meánchaiteachas teaghlaigh ón mbliain 2010 i leith agus an méadú suntasach a tháinig ar thomhaltas teaghlaigh le linn na tréimhse sin. Bhain an earnáil mhiondíola intíre tairbhe as an méadú sin i dtomhaltas, agus léirítear i bhFíor 3.5 an méadú seasta a tháinig ar an Innéacs Miondíolacháin ón mbliain 2015 i leith. Bhí tionchar ag an bpaindéim ar an leibhéal miondíolacháin freisin, agus laghdú géar á thaifeadh le linn na chéad tréimhse dianghlása i mí Aibreáin 2020. Mar sin féin, is airde an leibhéal miondíolacháin anois ná roimh an bpaindéim. Is ag earnáil mhiondíola bhisiúil intíre a bhíonn impleachtaí dearfacha don tionscal tacsaithe, toisc go mbíonn ceangal ann idir an méadú i gcaiteachas tomhaltóirí agus an méadú san éileamh ar thacsaithe nó in úsáid tacsaithe.

¹² An Roinn Coimirce Sóisialaí. Tionchair Thosaigh Phaindéim COVID-19 ar Mhargadh Saothair na hÉireann, 2020. <https://assets.gov.ie/73799/2aa16fdcf3344493bbb79cec4f9071c0.pdf>


¹³ An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2021. Tuilleamh agus Costais Saothair, Ráithe 3 de 2021.

Fíor 3.4: Caiteachas Bliantúil Teaghlaigh, 2010-2021



Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh, Caiteachas ar an Olltáirgeacht Náisiúnta

Fíor 3.5: An tInnéacs Miondíolacháin, 2015-2021




Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh, An tInnéacs Miondíolacháin

Bíonn ceangal ann idir an t-éileamh ar thacsaithe agus seintimint agus caiteachas tomhaltóirí. Bhí fás luaineach ann san Innéacs Miondíolacháin ón mbliain 2018 i leith, agus é faoi réir srianta phaindéim Covid-19 ar na tionscail mhiondíola agus fáilteachais sa bhliain 2021. Ba ag meath roimh an bpaindéim cheana féin a bhí an tInnéacs um Sheintimint Tomhaltóirí atá léirithe i bhFíor 3.6, rud lena dtomhaistear cé chomh muiníneach agus atá tomhaltóirí as an ngeilleagar. Cé gur théarnaigh sé sin den chuid is mó agus gur cuireadh deireadh le srianta intíre, thosaigh miondíolachán agus muinín tomhaltóirí ag meath arís sa bhliain 2022. Is dóigh go leanfaidh ábhair imní intíre faoin gcostas maireachtála agus eachtraí geopholaitiúla le tionchar diúltach a imirt ar sheintimint tomhaltóirí.

Bhreachnaigh KBC laghdú deich bpointe ina innéacs féin, agus é ag titim ó 77 bpointe i mí Feabhra go 67 bpointe i mí an Mhárta 2022. Cuireann sé é sin i leith meath géar san ionchas geilleagrach i gcoitinne, agus meath le feiceáil in ionchas tomhaltóirí i leith an airgeadais teaghlaigh. Tháinig an meath sin as ábhair imní faoin méadú i mboilsciú, mar gheall ar an gcogadh atá ar siúl san Úcráin agus ar na hiarmhairtí ar dóigh dóibh a bheith ann do gheilleagar na hÉireann. Tá fioreagla ann go gcuirfear brú ar an gcumhacht ceannaigh atá ag an meán-teaghlach agus go mbeidh laghdú ann i gcaiteachas lánroghnach mar thoradh ar an méadú i gcostais. Is fiú a lua nach bhfuil an tInnéacs um Sheintimint Tomhaltóirí chomh híseal lena raibh sé tráth thús na paindéime, agus é cothrom le 42 phointe i mí Aibreáin 2020. Ba mhó i bhfad an diúltachas i leith na staide geilleagraí ag an am sin ná mar atá faoi láthair. Ba mhó an eagla a bhí ann i measc tomhaltóirí ná mar atá faoi láthair freisin.

Fíor 3.6: Meán gluaiستهach 3 mhí san Innéacs um Sheintimint Tomhaltóirí, 2016-2022 (Márta)



Foinse: KBC Bank/ESRI, An tInnéacs um Sheintimint Tomhaltóirí


Boilsciú

Bhí an ráta boilscithe in Éirinn íseal go seasta roimh thús na paindéime sa bhliain 2020, agus é faoi bhun spriocfhigiúr Bhanc Ceannais na hÉireann, mar atá: gar do 2 faoin gcéad ach faoina bhun. Mar atá léirithe i bhFíor 3.7, bhí tionchar suntasach ag an bpaindéim ar bhoilsciú, agus an ráta bliantúil boilscithe ag meath go leibhéil dhiúltacha. Tá boilsciú ag méadú ó thús na bliana 2021 i leith, áfach. Bhain boilsciú in Éirinn 5.5 faoin gcéad amach sa 12 mhí suas go mí na Nollag 2021 agus bhíothas den tuairim ag an am nach rachadh sé níos airde ná sin Cé gur tháinig laghdú beag ar an bhfigiúr sa chéad dá mhí den bhliain 2022, mhéadaigh sé go 6.7 faoin gcéad sa 12 mhí suas go mí an Mhárta 2022.

Is na príomhchúiseanna leis an ardráta boilscithe in Éirinn go fóill ná an cur isteach ar shlabhraí soláthair ar fud an domhain, an t-éileamh a bhíonn ag méadú, agus an méadú i bpraghsanna fuinnimh. Bhain an ráta boilscithe i réimse an iompair 18 faoin gcéad amach sa bhliain 2021. Ag an am céanna, bhí boilsciú san earnáil fuinnimh cothrom le 28.9 faoin gcéad. Tá sé tuartha ag Banc Ceannais na hÉireann go mbeidh ardráta boilscithe ann go fóill ar feadh na coda is mó den bhliain 2022 agus go maolódh sé tráth níos déanaí sa bhliain. Meastar go mbeidh an ráta boilscithe cothrom le 6.5 faoin gcéad sa bhliain 2022, agus an fás i bpraghsanna do thomhaltóirí ag socrú síos ag 2.8 faoin gcéad sa bhliain 2023 agus ag 2.1 faoin gcéad sa bhliain 2024.¹⁴


¹⁴ Banc Ceannais na hÉireann, 2022. Feasachán Ráithiúil 2022:2.

Fíor 3.7: An tInnéacs Praghsanna do Thomhaltóirí (athrú céatadánach thar thréimhse 12 mhí), Eanáir 2016 – Márta 2022



Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh – An tInnéacs Praghsanna do Thomhaltóirí

Fíor 3.8: Meántuilleamh Seachtainiúil (Arna Choigeartú de réir Séasúir), 2016-2021



Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh – Gach earnáil den gheilleagar

Bhí an meántuilleamh seachtainiúil ar fud gach earnála den gheilleagar ag ardú go seasta ó €706 sa bhliain 2016 go €862 sa ráithe dheireanach den bhliain 2021. Creimeann ardráta boilscithe an chumhacht ceannaigh a bhíonn ag daoine agus, toisc nach raibh ach méadú 2.6 faoin gcéad ann sa mheántuilleamh in aghaidh na huaire in Éirinn sa bhliain 2021, tharla sé gur thit an fóorthuilleamh in

aghaidh na huairé (fás pá lúide boilsciú) faoi 2.9 faoin gcéad an bhliain seo caite.¹⁵ Is dóigh go mbeidh tionchar diúltach aige sin ar an éileamh ar thacsaithe toisc gurb amhlaidh, maidir le custaiméirí nach mbeidh an méid céanna ioncaim indiúscartha acu, is dóigh go dtiocfaidh laghdú ar a mhéid a rachaidh siad amach agus a thaistealóidh siad i gcoitinne agus/nó is dóigh go n-úsáidfidh siad modhanna iompair níos saoire, amhail rothaíocht, siúl agus an t-iompar poiblí. Tá laghdú i bhfíorioncam teaghlaigh (tuarastal/pá lúide boilsciú) i ndán do chuid mhór teaghlach agus beidh orthu srian a chur lena gcaiteachas.

Cé go raibh tionchar suntasach ag an bpaindéim ar ghníomhaíocht gheilleagrach sna blianta 2020 agus 2021, bhí geilleagar na hÉireann athléimneach agus tháinig fás ar ghníomhaíocht gheilleagrach le linn na tréimhse sin a bhí le hardleibhéil fostaíochta agus le hardleibhéil chaiteachais miondíola. D'fhág sé sin go raibh éileamh méadaithe ann ar an iompar poiblí, lena áiríodh tacsaithe. Leanann an phaindéim le dul i bhfeidhm ar an ráta boilscithe, rud a mheastar a bheidh ard go fóill sa bhliain 2022 agus a thitfidh tráth níos déanaí sa bhliain. Cé go meastar go leanfaidh an fás geilleagrach sin ar aghaidh sa mheántearma mar gheall ar a dhírthe atá tionscal na hÉireann ar onnmhairí, tá an ghéarchéim thithíochta, an cogadh atá ar siúl san Úcráin agus an éiginnteacht iarmhartach i slándáil na hEorpa, agus an éiginnteacht i margáí tráchtarraí ar fud an domhain ina mbagairtí suntasacha ar an réamhaisnéis sin.

3.3 Éileamh an Mhargaidh


Treochtaí in Úsáid Tacsaithe

Chun faisnéis a bhailiú faoi threochtaí in úsáid tacsaithe, rinneadh cúig shuirbhé idir na blianta 2020 agus 2022 ar mhaithe le tuiscint a ghnóthú ar thionchar na paindéime ar an tionscal. Chuimsigh na suirbhéanna sin sampla a bhí ionadaíoch go náisiúnta de thart ar 1,000 aosach agus rinneadh iad i mí Dheireadh Fómhair 2020, i mí Feabhra 2021, i mí na Bealtaine 2021, i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus i mí Feabhra 2022.

Bunaithe ar an suirbhé is déanaí a rinneadh i mí Feabhra 2022, baineann 81 faoin gcéad d'aoisigh úsáid as tacsaithe agus baineann 15 faoin gcéad d'aoisigh úsáid as tacsaithe ar bhonn coicísiúil (nó níos minice fós, féach Fíor 3.7). Léiríonn sé sin go mbaineann formhór na n-aosach úsáid as tacsaithe, cé nach gá gur úsáideoirí tráthrialta iad (a úsáideann tacsaithe uair amháin ar a laghad gach coicís).

¹⁵ Tuilleamh agus Costais Saothair, Ráithe 4 de 2021. An Phríomh-Oifig Staidrimh. <https://www.cso.ie/en/statistics/earnings/earningsandlabourcosts/>


Fíor 3.7: A mhínice a bhaineann aosaigh úsáid as na modhanna difriúla iompair, Feabhra 2022



Foinse: Taighde ar Thionchar Phaindéim COVID-19: Suirbhé Babhta, Feabhra 2022 – Suirbhé ar Úsáideoirí Tacsaithe

Léirítear i bhFíor 3.8 nach mbaineann 53 faoin gcéad de dhaoine ar úsáideoirí tacsaithe iad úsáid as tacsaithe chomh minic céanna anois (i mí Feabhra 2022) agus a bhain siad úsáid astu roimh an bpaindéim, rud a thugann le fios gur tháinig meath ar úsáid tacsaithe thar an dá bhliain seo a chuaigh thart. Bhí méadú ann in úsáid tacsaithe sa bhliain suas go mí Feabhra 2022, agus méadú dhá phointe chéatadánacha dhéag ag teacht ar an leibhéal úsáide i mí Feabhra 2022 i gcomparáid leis an bhfigiúr do mhí Feabhra 2021. I mí Feabhra 2022, thuiriscigh a seacht faoin gcéad d’úsáideoirí tacsaithe gur tháinig méadú ar an úsáid a bhaineann siad as tacsaithe. Ag an am céanna, thuiriscigh 40 faoin gcéad eile nár tháinig aon athrú ar an úsáid a bhaineann siad as tacsaithe. Léirítear sna sonraí gur bhain úsáid tacsaithe an leibhéal is ísle amach i mí Feabhra 2021. Cé nár bailíodh aon sonraí struchtúrtha suirbhé le linn na chéad tréimhse dianghlása a thosaigh i mí an Mhárta 2020, bhí tionchar soiléir ag an teachtaireacht “*Fan sa bhaile*” ón Taoiseach, ag na srianta taistil 5 km/2 km agus ag an ordú nach mbainfí ach úsáid riachtanach as tacsaithe.

Fíor 3.8: An t-athrú in úsáid seirbhísí tacsáí ó mhí Dheireadh Fómhair 2020 go mí Feabhra 2022



Foinse: Taighde ar Thionchar Phaindéim Covid-19: Suirbhéanna Babhta – Úsáideoirí Tacsaithe

I gcás na ndaoine sin a laghdaigh an úsáid a bhaineann siad as tacsaithe, ba iad seo a leanas na príomhchúiseanna a tuairiscíodh:

- laghdú ina mhinice a théann siad amach (63%);
- laghdú ina mhinice a thaistealaíonn siad i gcoitinne (50%);
- chun íoslaghdú a dhéanamh ar an riosca go dtolfadh siad Covid-19 (39%);
- aistriú modha - úsáideann siad an carr níos minice anois (12%); agus
- laghdú in ioncam indiúscartha (11.5%);


I gcás na ndaoine sin a mhéadaigh an úsáid a bhaineann siad as tacsaithe, ba iad seo a leanas na príomhchúiseanna a tuairiscíodh:

- an bhraistint go bhfaigheann siad cosaint níos fearr ar Covid-19 i dtacsáí ná ar an olliompar poiblí (33.5%);
- teorainn/srianta ar úsáid an olliompair poiblí chun an taisteal riachtanach a éascú (29%);
- an easpa fála ar an iompar poiblí (acmhainn laghdaithe) (27%); agus
- an tuairim nach bhfuil an t-olliompar poiblí oiriúnach do thurais nua (18%);

Baineann a hocht faoin gcéad de na daoine a ndearnadh suirbhé orthu úsáid as tacsaithe gach seachtain (agus tógann 1 faoin gcéad díobh sin níos mó ná ceithre thuras in aghaidh na seachtaine). Is méadú seasta é sin ar an bhfigiúr ó thús na paindéime i leith.

Tá na freagrathaithe sin catagóirithe mar ‘thromúsáideoirí’ tacsaithe. Tháinig laghdú substaintiúil ar an gcéatadán de na freagrathaithe a thagann faoin gcatagóir sin ó rinneadh an suirbhé sa bhliain 2019 (roimh an bpaindéim), tráth a bhí sé cothrom le 20 faoin gcéad. Tugann sé sin le fios go bhfuil téarnamh substaintiúil fós ag teastáil sa tionscal.

Fíor 3.9: A mhínice a úsáidtear seirbhísí tacsáí, 2020-2022



Foinse: Taighde ar Thionchar Phaindéim Covid-19: Suirbhéanna Babhta – Úsáideoirí Tacsaithe

Fiafraíodh cén úsáid a baineadh as tacsaithe sa tseachtain agus sa choicís roimh an suirbhé. Bunaithe ar na freagraí a fuarthas, déantar i dTábla 3.1 meastachán ar an líon turas a tógadh de thacsáí thar an gcoicís díreach roimh gach ceann de na cúig shuirbhé. D’imir an leibhéal srianta paindéime a bhí i bhfeidhm sa tír tionchar suntasach ar úsáid tacsaithe. Bhí laghdú géar ann sa líon turas (-50%) a tógadh sa choicís roimh an suirbhé i mí Feabhra 2021, tráth a bhí an tír faoi réir srianta Leibhéal 5, i gcomparáid leis an líon a tógadh i mí Dheireadh Fómhair 2020, tráth a bhí srianta Leibhéal 3 i bhfeidhm. Tháinig méadú ar úsáid tacsaithe i mí na Bealtaine 2021 (+52%) tar éis srianta Leibhéal 5 a mhaolú, tráth a athosclaíodh gach siopa gruagaire, siopa bearbóra, siopa sciamheolaí, gailearaí, músaem/iarsmalann agus leabharlann agus gach ní eile is díol spéise cultúrtha, tráth a atosáíodh gníomhaíocht neamhriachtanach mhiondíola ar bhonn céimnithe, tráth a ceadaíodh taisteal idirchontae agus seirbhísí reiligiúnacha i bpearsa, agus tráth a ceadaíodh do thrí theaghlach (nó seisear ó theaghlach aonair) teacht le chéile amuigh faoin spéir. Tháinig méadú eile ar an leibhéal úsáide sa choicís roimh an suirbhé i mí Dheireadh Fómhair 2021 (+36%), tráth a athosclaíodh tithe tábhairne, bialanna agus clubanna oíche. Measadh go raibh an méadú sa líon turas a tógadh i mí Feabhra 2022, díreach sular cuireadh deireadh leis na srianta uile, 7 faoin gcéad níos airde ná an figiúr do mhí Dheireadh Fómhair 2021. Tríd is tríd, léiríodh sna suirbhéanna ar úsáideoirí gur tháinig méadú ar an líon daoine a bhaineann úsáid as tacsaithe agus nach mbaineann siad úsáid astu chomh minic céanna agus a bhain siad úsáid astu roimh an bpaindéim.

Tábla 3.1: Meastacháin ar an mbonn úsáideoirí seirbhísí tacsáí sa choicís seo a chuaigh thart

Déanaíocht	Meastacháin ar an mbonn úsáideoirí – (An Líon Iomlán Úsáideoirí Tacsaithe)				
	DF 2020	Feabh. 2021	Beal. 2021	DF 2021	Feabh. 2022
An tseachtain seo a chuaigh thart/go seachtainiúil	300,000	120,000	320,000	430,000	550,000
An choicís seo a chuaigh thart	225,000	130,000	190,000	430,000	350,000


Meánlón coicisiúil	2.08	2.17	2.2	2.4	2.1
An líon turas a tógadh sa choicís seo a chuaigh thart	1092000	542.000	1122000	1752000	1890000
Méadú ó rinneadh an suirbhé roimhe		-50%	+52%	+36%	+7%

Foinse: Taighde ar Thionchar Phaindéim Covid-19: Suirbhé Bhabhta 5 – Úsáideoirí Tacsaithe

Na Cúiseanna le Tacsaithe a Úsáid

Maidir le custaiméirí a d'úsáid tacsáí sa choicís roimh an suirbhé, fiafraíodh díobh cén fáth ar úsáid siad tacsáí an uair is déanaí a thóg siad ceann. I mí Feabhra 2022, dúirt 30 faoin gcéad díobh gur chun críocha fóillíochta a thóg siad a dturas is déanaí. Ina dhiaidh sin, dúirt 15 faoin gcéad go raibh siad ag tabhairt cuairt ar chairde/baill teaghlaigh, dúirt 13 faoin gcéad go raibh siad ag déanamh siopadóireachta agus dúirt 10 faoin gcéad go raibh siad ag tabhairt cuairt riachtanach ar an ospidéal nó go raibh siad ag freastal ar choinne riachtanach liachta. Tugann sé sin le fios go raibh athrú suntasach ann sna cúiseanna a n-úsáidtear tacsaithe ó theacht na paindéime. I gcomparáid leis sin, maidir leis an uair is déanaí a thóg siad tacsáí roimh an bpaindéim, dúirt 53 faoin gcéad gur úsáid siad tacsáí chun críocha fóillíochta agus dúirt 10 faoin gcéad gur úsáid siad tacsáí chun cuairt a thabhairt ar chairde/baill teaghlaigh ina mbaile. I gcomparáid leis an bhfigiúr roimh an bpaindéim, bhí méadú ann san úsáid a bhaintear as tacsaithe chun críocha siopadóireachta (suas ó 7 faoin gcéad).

Fíor 3.10: Na cúiseanna ar thóg úsáideoirí tacsaithe tacsáí an uair is déanaí, Feabhra 2022



Foinse: Taighde ar Thionchar Phaindéim Covid-19: Suirbhéanna Babhta – Úsáideoirí Tacsaithe

Nuair a fiafraíodh d'úsáideoirí tacsaithe cé acu a bhí nó nach raibh aon mhodhanna eile iompair ar fáil dóibh an uair is déanaí a thóg siad tacsáí, dheimhnigh 68 faoin gcéad díobh go raibh rochtain acu ar mhodh eile iompair (agus an bus, a gcarr féin nó síob ó chairde ar na freagraí is coitianta a tugadh). Ba

iad an dá phríomhchúis a tugadh le tacsáí a roghnú in ionad roghanna eile taistil ná a éasca agus a áisiúla atá sé tacsaithe a úsáid agus an tuairim go bhfuil siad níos tapa agus níos iontaofa ná na roghanna eile.

Na Modhanna a Úsáideadh chun Tacsaithe a Ordú

Tugtar i dTábla 3.3 miondealú déimeagrafach ar na modhanna a úsáideadh le haghaidh tacsáí a ordú. Tríd is tríd, bhí an teileafón ar an modh is coitianta a úsáideadh le haghaidh tacsáí a ordú, agus 33 faoin gcéad de na freagraithe ar an suirbhé ag rá gur eagraigh siad a dturas is déanaí trí thacsáí a ordú trí ghníomhaire glaonna de chuid cuideachta tacsáí. Thit an figiúr sin ó 51 faoin gcéad ó rinneadh an suirbhé don athbhreithniú roimhe ar tháill sa bhliain 2019, áfach. Tá an teileafón ar an modh is coitianta i measc daoine os cionn 35 bliana d’aois agus i measc daoine a chónaíonn lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Mar sin féin, tá tóir mhéadaitheach ann ar aipsheirbhísí, agus 30 faoin gcéad de fhreagraithe ag rá gur eagraigh siad a dturas is déanaí de thacsáí trí aipsheirbhís a úsáid, i gcomparáid le 23 faoin gcéad sa bhliain 2019. Tá aipsheirbhísí ar an modh is coitianta le haghaidh tacsáí a ordú i measc daoine idir 18 mbliana d’aois agus 24 bliana d’aois agus i measc daoine idir 25 bliana d’aois agus 34 bliana d’aois. Tá siad ar an modh is coitianta i measc daoine a chónaíonn i mBaile Átha Cliath freisin (46%).

Tháinig méadú beag, ó 15 faoin gcéad sa bhliain 2019 go 18 faoin gcéad, ar an gcéatadán d’úsáideoirí tacsaithe a fuair a dtacsáí is déanaí trí chiúáil ag stad tacsáí. Ní raibh aon athrú ann sa chéatadán de dhaoine a stad tacsáí ar an tsráid, agus é cothrom le 15 faoin gcéad go fóill.

Tábla 3.3: An modh a úsáideadh le haghaidh tacsáí a ordú an uair is déanaí (gan freagraí “níl a fhios agam” a áireamh), Feabhra 2022


Modh	Iomlán	Aois					Réigiún			
		18-24	25-34	35-49	50-64	65+	Baile Átha Cliath	An Chuid Eile de Chúige Laighean	Cúige Mumhan	Cúige Chonnacht/Cúige Uladh
	%	%	%	%	%	%	%	%	%	%
Glaó teileafóin	33	17	24	32	46	47	12	41	4	50
Aipsheirbhís	30	48	43	28	17	19	46	23	19	23
Ciúáil ag stad tacsáí	18	19	17	18	18	20	19	21	18	14
Tacsáí a stad ar an tsráid	15	13	15	17	17	10	20	15	12	10

Foinse: Taighde ar Thionchar Phaindéim COVID-19: Suirbhéanna Babhta – Úsáideoirí Tacsaithe

Patrún an Éilimh ar Sheirbhísí Tacsáí

Baineann an t-éileamh ar sheirbhísí tacsáí buaic amach ar an Aoine agus ar an Satharn, agus 55 faoin gcéad de na freagraithe ar an suirbhé ar an meán ag rá gur thóg siad a dturas is déanaí ar cheann amháin den dá lá sin. Léiríonn sé sin go bhfuil gníomhaíocht fóillíochta ar an gcuspóir is coitianta ar chuipe a úsáidtear tacsaithe. Bhí úsáid tacsaithe ar an dá lá sin beagáinín níos ísle sa bhliain 2019, agus í cothrom le 54 faoin gcéad. Tháinig úsáid tacsaithe ar an Aoine agus ar an Satharn chuici féin go láidir ansin tar éis laghdú suntasach san éileamh ag an deireadh seachtaine le linn na dtréimhsí dianghlása de dheasca phaindéim Covid-19. Léirítear i bhFíor 3.11 dáileadh na dturas is déanaí a thóg paisinéirí, agus iad miondealaithe de réir lá den tseachtain.

Fíor 3.11: Dáileadh úsáideoirí tacsaithe de réir an lae den tseachtain ar ar thóg siad a dturas is déanaí, Feabhra 2022




Foinse: Taighde ar Thionchar Phaindéim COVID-19: Suirbhéanna Babhta – Úsáideoirí Tacsaithe

Le linn na paindéime (an chéad cheithre shuirbhé ar chustaiméirí maidir le tionchar phaindéim Covid-19), d'éirigh an dáileadh de réir lá den tseachtain cothrom mar gheall ar an srian le gníomhaíocht turasóireachta, le caidreamh sóisialta agus le siamsaíocht oíche ag an deireadh seachtaine de dheasca na dtréimhsí dianghlása. Chuir an easpa gníomhaíochta turasóireachta agus taistil arís eile leis an laghdú sin san éileamh ar thacsaithe.

I bhFíor 3.12, dailtear úsáideoirí tacsaithe de réir an ama ag ar thóg siad a dturas is déanaí. I mí Feabhra 2022 (na barraí flannbhú), thuiriscigh 63 faoin gcéad d'úsáideoirí tacsaithe gur thóg siad a dturas is déanaí de thacsáí idir 6 p.m. agus 4 a.m. Thuiriscigh 23 faoin gcéad díobh gur thóg siad a dturas is déanaí de thacsáí idir 6 p.m. agus 10 p.m., thuiriscigh 19 faoin gcéad díobh gur thóg siad a dturas is déanaí de thacsáí idir 10 p.m. agus meán oíche, agus thuiriscigh 21 faoin gcéad díobh gur thóg siad a dturas is déanaí de thacsáí idir meán oíche agus 4 a.m. Léirítear sna barraí gorma na meán-amanna ag ar tógadh tacsáí le linn na paindéime, agus an méadú san éileamh san oíche le feiceáil go soiléir. Léiríú ar an bhfillleadh ar na patrúin chaidrimh shóisialta a bhí i réim roimh an bpaindéim, mar thoradh ar athoscailt an gheilleagair oíche, is ea an méadú sa chéatadán d'úsáideoirí a thóg tacsáí san oíche (tar éis 8 p.m.), de réir an tsuirbhé a rinneadh i mí Feabhra 2022.

Fíor 3.12: Suirbhé ar Úsáideoirí Tacsaithe – An tAm ag ar Úsáideadh Tacsáí an Uair is Déanaí (An meán idir mí Dheireadh Fómhair 2020 agus mí Feabhra 2022)



Foinse: Taighde ar Thionchar Phaindéim COVID-19: Suirbhéanna Babhta – Úsáideoirí Tacsaithe

3.4 Soláthar an Mhargaidh

An Soláthar Comhiomlán Seirbhísí Tacsáí


Ba sa tréimhse idir na blianta 2017 agus 2019 a tháinig na chéad mhéaduithe ar an bhflít náisiúnta tacsaithe ón mbliain 2009 i leith. Bhí 15,838 dtacsáí i seirbhís in Éirinn amhail mí Feabhra 2022. Áirítear leis an líon sin 3,113 thacsáí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí, atá freagrach as 19.7 faoin gcéad den fhlít. Is airde i bhfad an figiúr sin ná an céatadán de thacsaithe den sórt sin a bhí i seirbhís cúig bliana roimhe sin sa bhliain 2015, tráth nach raibh siad freagrach ach as 5.5 faoin gcéad den soláthar iomlán tacsaithe. Is féidir an méadú sin a chur síos go príomha do thrí athrú beartais, is iad sin: an cinneadh a rinneadh sa bhliain 2010 chun ceadúnais nua tacsáí agus fruilchairr a eisiúint le haghaidh feithiclí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí amháin; na hathruithe a tugadh isteach sa bhliain 2014 ar an tsonraíocht mhéide le haghaidh tacsaithe atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí, rud a d'fhág go bhféadfadh oibritheoirí tacsaithe cuí níos lú a cheannach; agus an scéim deontas a thug an tÚdarás isteach sa bhliain 2014 le haghaidh tacsaithe atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí a cheannach. Leis an scéim deontas sin, soláthraítear do thiománaithe deontais is fiú suas le €7,500 chun tacsaithe atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí a cheannach agus a athsholáthar. Tá an méadú sa chéatadán de thacsaithe atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí laistigh den fhlít tacsaithe le feiceáil i bhFíor 3.13.

Tá an glacadh leis an scéim deontas le haghaidh tacsaithe atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí le feiceáil i dTábla 3.4. Leithdháileadh 3,341 deontas le haghaidh tacsaithe atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí a cheannach idir na blianta 2014 agus 2021, agus cistiú gaolmhar os cionn €3 mhilliún á sholáthar thar an tréimhse sin. Cuirtear i láthair i dTábla 3.4 freisin an líon deontas le haghaidh beagfheithiclí leictreacha seirbhíse poiblí a riaradh ó tugadh an scéim isteach sa bhliain 2018. Leithdháileadh 780 deontas den sórt sin san iomlán, agus cistiú €13.7 milliún i gceist leo.

Mar a luadh cheana féin, soláthraíodh cistiú €15m don Scéim Deontas le haghaidh Beagfheithiclí Leictreacha Seirbhíse Poiblí don bhliain 2022. Osclaíodh an scéim sin i mí Feabhra 2022 agus tá tóir

níos airde fós uirthi, agus breis agus 1,000 iarratas á bhfáil laistigh den chéad naoi seachtaine den scéim. Is léiriú é sin ar na hathruithe a bhíonn ag teacht chun cinn sa fhlít tacsaithe. Is fianaise é freisin ar a mhéid a ghlac tiománaithe tacsáí leis an teicneolaíocht, agus cost-éifeachtúlachtaí á ngnóthú acu dá bharr sin – go háirithe laghdú sna costais leictreachais a bhaineann leis an gceallra a chumhachtú, mar aon le laghdú sna costais chothabhála a bhaineann leis an bhfeithicil leictreach a choinneáil ar an mbóthar.

Fíor 3.13: Treochtaí sa Soláthar Tacsaithe, 2007-2022



Foinse: Staitisticí Tacsáí ón Údarás Náisiúnta Iompair, 2022

Tábla 3.4 Scéimeanna Deontas an Údaráis Náisiúnta Iompair le haghaidh Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí, 2014 go dtí an t-am i láthair

	Scéim Deontas an Údaráis Náisiúnta Iompair le haghaidh Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí			
	Cistiú le haghaidh Feithiclí atá Inrochtana ag Cathaoireacha Rothaí		Cistiú le haghaidh Feithiclí Leictreacha Sainchuspóireacha Seirbhíse	
Bliain	An Líon Deontas le haghaidh Feithiclí atá Inrochtana ag Cathaoireacha Rothaí	Luach Iomlán an Chistiúcháin	An Líon Deontas le haghaidh Beagfheithiclí Leictreacha Seirbhíse Poiblí	Luach Iomlán an Chistiúcháin
2014	128	€253,000	-	-
2015	153	€116,500	-	-
2016	335	€377,000	-	-
2017	284	€411,000	-	-
2018	761	€470,000	46	€267,000
2019	1037	€773,000	35	€180,500
2020	264	€225,000	20	€159,000
2021	379	€539,500	679	€13,134,500
Iomlán	3,341	€3,165,000	780	€13,741,000

Aois Feithiclí


Ceanglaítear le reachtaíocht ar an Údarás féachaint le soláthar agus cothabháil seirbhísí ardchaighdeán ag beagfheithiclí seirbhíse poiblí agus a dtiománaithe a chur chun cinn. Ar aon dul leis an gcuspóir sin, meastar gur cuí teorainn aoise a shocrú le haghaidh beagfheithiclí seirbhíse poiblí. In Éirinn, ní mór formhór na dtacsaithe agus na bhfruilcharranna a bheith faoi bhun 10 mbliana d’aois (i gcás feithiclí salúin) nó 15 bliana d’aois (i gcás feithiclí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí), agus eisceachtaí ann le haghaidh líon beag sealbhóirí ceadúnais. Mar fhreagairt do phaindéim Covid-19 sna blianta 2020 agus 2021, rinne an tÚdarás rialacháin éigeandála a achtú maidir leis an aois incheadaithe uasta le haghaidh beagfheithiclí seirbhíse poiblí, á chinntiú nach mbeadh sé riachtanach aon fheithicil a bhaint den fhlít mar thoradh ar a haois roimh an mbliain 2023. Ba leis na bearta sin a cuireadh bliain amháin go sealadach leis an aois incheadaithe uasta le haghaidh feithiclí incháilithe. Mar thoradh air sin, tá céatadán suntasach den fhlít beagfheithiclí seirbhíse poiblí os cionn na haoise incheadaithe uasta a bhí ann roimh an bpaindéim.

Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí thart ar 15 faoin gcéad den fhlít beagfheithiclí seirbhíse poiblí os cionn na haoise incheadaithe uasta réamhshocraithe le haghaidh fhormhór na sealbhóirí ceadúnais: ceadaíodh a leath déanamh amhlaidh mar choinníoll lena gceadúnas oidhreachta agus ceadaíodh an leath eile déanamh amhlaidh mar gheall ar an bhfadú sealadach de dheasca phaindéim Covid-19. Rud ba ghinearálta fós, tháinig méadú ar aoisphróifíl na mbeagfheithiclí seirbhíse poiblí le blianta beaga anuas. Léirítear i sonraí ón mbliain 2019, roimh an bpaindéim, go raibh 51 faoin gcéad de bheagfheithiclí seirbhíse poiblí cúig bliana d’aois nó níos óige. Faoi dheireadh na bliana 2021, thit an céatadán sin go 35 faoin gcéad.

Léirítear i gcomparáid idirnáisiúnta go bhfuil éagsúlacht ann maidir leis na teorainneacha aoise a chuirtear i bhfeidhm i leith beagfheithiclí seirbhíse poiblí i ndlínsí difriúla faoi láthair. Léirítear inti

freisin go bhfuil an aois incheadaithe uasta atá i bhfeidhm in Éirinn níos airde ná í sin atá i bhfeidhm ina lán tíortha eile. Sa Ríocht Aontaithe, mar shampla, is gnách go gcuireann údaráis áitiúla aois incheadaithe uasta nó caighdeán astaíochta i bhfeidhm. Is annamh is mó an aois incheadaithe uasta ná 10 mbliana le haghaidh feithicilí salúin. Fiú amháin sa dornán réigiún sin inarb airde an teorainn aoise ná an teorainn aoise in Éirinn, níl feidhm ag an teorainn sin ach amháin maidir le feithicilí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí (mar atá in Éirinn) agus maidir le tacsaithe i gcathair óna dteastaíonn feithicilí tacsáí atá saincheaptha agus costasach – mar shampla, i Londain. Tá teorainn aoise faoi bhun deich mbliana i bhfeidhm ina lán réigiún i Mór-roinn na hEorpa, agus seacht mbliana mar aois choitianta sa Fhrainc agus sa Bheilg.

Fíor 3.14: Aoisphróifíl an Fhlít Tacsaithe, 2021




Foinse: Staitisticí Tacsáí ón Údarás Náisiúnta Iompair, 2022

Miondealú Réigiúnach ar an Soláthar

Bunaithe ar anailís ar an líon tacsaithe atá ann ar an leibhéal réigiúnach, tá formhór na dtacsaithe (60%) cláraithe i mBaile Átha Cliath. Ina dhiaidh sin, tá 17 faoin gcéad díobh cláraithe sa chuid eile de Chúige Laighean, tá 15 faoin gcéad díobh cláraithe i gCúige Mumhan agus tá 8 faoin gcéad díobh cláraithe i gCúige Chonnacht/Uladh. Tá an líon feithiclí ceadúnaithe de réir réigiúin léirithe i bhFíor 3.15.

Fíor 3.15: An Céatadán de Cheadúnais Bhailí Tacsáí de réir Réigiúin, 2022




Foinse: Staitisticí Tacsáí ón Údarás Náisiúnta Iompair, 2022

Ní ionann an dáileadh catagóirí eile de bheagfheithiclí seirbhíse poiblí, lena n-áirítear fruilcharranna agus limisíní, agus an dáileadh tacsaithe. Tá níos mó ná trí cheathrú de limisíní (76%) agus beagnach gach fruilcharr (níos mó ná 98%) lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Dá bhrí sin, ar mhaithe leis an líon seirbhísí in aghaidh an duine a chur i gcomparáid le chéile, is fiú na catagóirí uile de bheagfheithiclí seirbhíse poiblí a chur ar áireamh. Mar sin féin, is mó i bhfad go fóill an dáileadh beagfheithiclí seirbhíse poiblí i mBaile Átha Cliath, ina bhfuil ocht mbeagfheithicil seirbhíse poiblí in aghaidh an mhíle duine ann, ná in áiteanna eile (ina bhfuil trí cinn in aghaidh an mhíle duine ann).

Aoisphróifíl na dTiománaithe Tacsáí

I bhFíor 3.16, dáiltear na tiománaithe tacsáí atá ceadúnaithe faoi láthair de réir aoise. Tá níos mó ná aon chúigiú (20%) de thiománaithe os cionn 65 bliana d'aois agus tá dhá dtrian (66%) díobh os cionn 50 bliain d'aois. Tá a haon déag faoin gcéad de thiománaithe faoi bhun 40 bliain d'aois. Tagann an aoisphróifíl sin as an bhfóras nach dtéann a lán tiománaithe i mbun tiomáint tacsáí ach amháin tar éis tréimhse fhada a chaitheamh ag obair i ngairm eile, agus cineál solúbtha an tionscail tarraingteach do chuid mhór díobh. I gcás a lán tiománaithe beagfheithicil seirbhíse poiblí, tugann an tionscal deis dóibh ioncam forlíontach a thuilleamh, atá de bhreis ar ioncam ó fhoinsí eile (e.g., pinsean). Tá sé sin ag teacht leis an bpróifíl i bhformhór na ndlínsí den chineál céanna.

Fíor 3.16: Aoisphróifil na dTiománaithe Tacsáí, 2021




Foinse: Staitisticí Tacsáí ón Údarás Náisiúnta Iompair, 2021

Patrúin Soláthair

De réir an tSuirbhé ar Thiománaithe, oibríonn tiománaithe tacsáí 4.5 lá ar an meán in aghaidh na seachtaine. Léirítear i bhFíor 3.17 na laethanta den tseachtain ar a n-oibríonn tiománaithe tacsáí de ghnáth. Is í an Aoine an lá oibre is coitianta, agus 85 faoin gcéad de thiománaithe ag obair ar an lá sin. Is é an Domhnach an lá ar a n-oibríonn an céatadán is ísle de thiománaithe.

Fíor 3.17: Na laethanta den tseachtain ar a n-oibríonn tiománaithe tacsáí, Feabhra 2022 agus Iúil 2019




Foinse: An tAthbhreithniú ar Uastáillí Náisiúnta Tacsáí don Bhliain 2022 – Suirbhé ar Thiománaithe

Léirítear i bhFíor 3.18 na hamanna ag a n-oibrítear tiománaithe tacsáí de ghnáth. Thuairiscigh formhór na dtiománaithe (níos mó ná 50%) go n-oibríonn siad ag gach am i rith an lae, seachas an tréimhse is ciúine idir 04:00-07:59. Thuairiscigh fiche is a trí faoin gcéad de thiománaithe tacsáí go n-oibríonn siad idir 4 a.m. agus 6 a.m., agus 34 faoin gcéad díobh ag rá go n-oibríonn siad idir 6 a.m. agus 8 a.m. Léirítear sna barraí flannbhuí i bhFíor 3.18 na hamanna ag ar oibríodh de ghnáth i mí Iúil 2019, ar uaireanta iad a bhféachtar orthu mar ghnáthuaireanta oibre roimh an bpaindéim. Tá an t-ardchéatadán de thiománaithe a d'oibrigh idir 9 a.m. agus 6 p.m. roimh an bpaindéim ina léiriú ar an líon turas gnó a chaill tiománaithe tacsáí mar gheall ar an aistriú chuig an obair ón mbaile le linn na dtréimhsí dianghlásála agus mar gheall ar an mbogadh ar shiúl ó chruinnithe i bpearsa go cruinnithe fíorúla. Is féidir go bhfuil an treocht sin le feiceáil freisin sa mhéadú ar an gcéatadán de thiománaithe a d'fhreastail ar an ngeilleagar oíche (idir 8 p.m. agus 4 a.m.) sa bhliain 2022 i gcomparáid leis an mbliain 2019 mar gheall ar an méadú san éileamh san oíche.

Tríd is tríd, is airde an céatadán de thiománaithe faoi bhun 40 bliain d'aois a oibríonn sa tráthnóna agus san oíche ná an céatadán de thiománaithe atá níos sine ná sin. Tá an treocht sin le feiceáil go soiléir sna bandaí ama uile idir 4 p.m. agus 4 a.m. Mar shampla, thuairiscigh 59 faoin gcéad de thiománaithe faoi bhun 40 bliain d'aois go n-oibríonn siad idir 10 p.m. agus 12 a.m., i gcomparáid le 40 faoin gcéad de thiománaithe os cionn 60 bliain d'aois. Is airde an céatadán de thiománaithe os cionn 60 bliain d'aois a oibríonn ar maidin ná an céatadán de thiománaithe faoi bhun 40 bliain d'aois. Is gnách le tiománaithe idir 40 bliain d'aois agus 60 bliain d'aois obair ag gach am i rith an lae.

Thuairiscigh cohórt tiománaithe (56%) nach n-oibríonn siad idir meán oíche agus 6 a.m. faoi láthair. Thuairiscigh siad gur oibrigh siad san oíche roimhe seo, áfach, agus iad ag freastal ar an ngeilleagar títithe tábhairne, ar an ngeilleagar clubanna oíche agus ar an ngeilleagar oíche. Fiafraíodh de na tiománaithe sin cén fáth ar stad siad ag obair san oíche agus cé acu a dhéanfadh nó nach ndéanfadh siad breithniú ar obair san oíche arís dá mbeadh táillí níos airde i bhfeidhm. Dúirt níos mó ná aon trian de na tiománaithe sin nach n-oibríonn siad san oíche ar chúiseanna saol teaghlaigh (34%) agus/nó ar chúiseanna sábháilteachta pearsanta (34%). Dúirt 30 faoin gcéad díobh nach n-oibríonn siad san oíche ar chúiseanna sláinte pearsanta, dúirt 28 faoin gcéad díobh nach n-oibríonn siad san oíche de dheasca iompraíocht custaiméirí nó de dheasca na gcostas breise glantacháin a bhíonn i gceist, agus dúirt 10 faoin gcéad díobh nach n-oibríonn siad san oíche toisc nach fiú déanamh amhlaidh ó thaobh airgeadais de. Thug tríocha faoin gcéad de na tiománaithe sin nach n-oibríonn san oíche faoi láthair le fios go ndéanfadh siad breithniú ar dhéanamh amhlaidh dá mbeadh táillí níos airde i bhfeidhm, suas ó 17 faoin gcéad sa bhliain 2019.

Fíor 3.18: Na hamanna ag a n-oibríonn tiománaithe tacsáí de ghnáth, Feabhra 2022 agus roimh an bpaindéim



Foinse: An tAthbhreithniú ar Uastáilí Náisiúnta Tacsáí don Bhliain 2022 – Suirbhé ar Thiománaithe

Modhanna Soláthair

Sa tuarascáil seo, úsáidtear an téarma ‘oibritheoir seoltach traidisiúnta raidió’ chun tagairt d’oibritheoirí seoltacha/cuideachtaí raidió a thairgeann samhail chleamhnachta ar chostas seasta do thiománaithe (dár gaireadh ‘costas cíosa raidió’ i leaganacha roimhe den Innéacs Costas Tacsáí, rud ar táille sheasta sheachtainiúil é de ghnáth). San am atá thart, bhain bunáit na cuideachta tacsáí úsáid as raidió banda saoránach (CB) chun poist a dháileadh ar thiománaithe sa limistéar áitiúil, bunaithe ar orduithe a fuarthas ó chustaiméirí thar an teileafón. Is annamh an rud é an raidió CB anois. San am i láthair, dáileann cuideachtaí tacsáí poist ar thiománaithe trí fholáirimh fón póca nó trí aip inmheánach nach bhfuil ar fáil d’úsáideoirí.


I gcodarsnacht leis sin, is gnách go ndéanann aipsheirbhísí nua áirithinte samhail choimisiúnbhunaithe a thairiscint – áit a gcoinníonn an aipsheirbhís céatadán den táille ar gach turas.

Léirítear i bhFíor 3.19 an céatadán de thiománaithe a bhí cleamhnaithe le hoibritheoirí seoltacha traidisiúnta raidió agus/nó le haipsheirbhísí ó mhí Dheireadh Fómhair 2020 go mí Feabhra 2022. Níor bhain a hocht déag faoin gcéad de thiománaithe aon úsáid as oibritheoir seoltach traidisiúnta raidió ná as aipsheirbhís. B’ionann é sin agus laghdú suntasach san fhiigiúr don bhliain 2019, a bhí cothrom le 32 faoin gcéad. Ní raibh ach laghdú beag ann, ó 10 faoin gcéad sa bhliain 2019 go 9 faoin gcéad sa bhliain 2022, sa chéatadán de thiománaithe a bhain úsáid as oibritheoir seoltach traidisiúnta raidió (ach tháinig méadú ar an bhfiigiúr sin le linn na paindéime, toisc go raibh an modh sin ar an modh is coitianta le haghaidh tacsáí a ordú le linn na dtréimhsí dianghlasála). Ag an am céanna, bhí méadú ann, ó 58 faoin gcéad sa bhliain 2019 go 65 faoin gcéad sa bhliain 2022, ar an gcéatadán de thiománaithe a bhain úsáid as aipsheirbhís. Thit an céatadán de thiománaithe a bhain úsáid as oibritheoir seoltach traidisiúnta raidió agus as aipsheirbhís ó 11 faoin gcéad sa bhliain 2019 go 8 faoin gcéad sa bhliain 2022.

Deimhnítear sna sonraí sin go bhfuil treocht leanúnach ann i dtreo aipeanna a úsáid sa tionscal tacsaithe. Deimhnítear iontu freisin a spleáiche atá tiománaithe ar aipeanna agus ar ghléasanna móibíleacha, fiú amháin i gcomhar le cuideachtaí seoltacha, a úsáideann teicneolaíochtaí suímh chun poist a leithdháileadh trí fhón phóca na dtiománaithe. Fianaise air sin is ea an t-ardchéatadán

d'úsáideoirí tacsaithe a d'ordaigh tacsáí thar an teileafón dá dturas is déanaí (mar atá léirithe i dTábla 3.3 thuas).

Fíor 3.19: An chleamhnacht a bhí ag tiománaithe tacsáí le hoibritheoirí seoltacha traidisiúnta nó le haipsheirbhísí, Deireadh Fómhair 2020 – Feabhra 2022



Foinse: An tAthbheithniú ar Uastáilí Náisiúnta Tacsáí don Bhliain 2022 – Suirbhé ar Thiománaithe

Nuair a bhíonn an geilleagar bisiúil, is féidir le tiománaithe tuilleadh oibre a fháil ó choisithe a bhailiú ar an tsráid agus ag stadanna tacsáí gan aon ghá le húsáid a bhaint as oibritheoirí seoltacha traidisiúnta raidió ná as aipsheirbhísí. Mar shampla, nuair a fiafraíodh de thiománaithe cén fáth nár bhain siad aon úsáid as aipsheirbhís, dúirt 33 faoin gcéad díobh gur fearr leo ‘obair sráide’, i gcomparáid le 22 faoin gcéad sa bhliain 2019. Luaigh fiche is a ceathair faoin gcéad de thiománaithe go sonrath nach mbaineann siad aon úsáid as aipsheirbhís mar gheall ar na coimisiúin/na muirir a ghearrtar i leith gach táille. Tá na coimisiúin/na muirir sin sa raon idir 11 faoin gcéad agus 15 faoin gcéad de luach na táille, tríd is tríd.

Léiríodh i dtaighde a rinneadh ar thomhaltóirí le déanaí go mbíonn méadú ag teacht ar an líon turas de thacsáí a thosaíonn ag stadanna tacsáí nó tar éis do chustaiméirí an tacsáí a stad go díreach ar an tsráid, de réir mar a fhilleann níos mó agus níos mó tiománaithe agus custaiméirí ar na sráideanna sa tráthnóna. Ós rud é nach ngabhann leis an gcleachtas díreach sin an coimisiún is iníoctha ag tiománaithe le haipsholáthraí tríú páirtí (10-15% den táille), bíonn sé tarraingteach do thiománaithe nuair a bhíonn líon mór custaiméirí ar an tsráid, amhail i mBaile Átha Cliath oíche Shathairn. Ní gá don chustaiméir muirear áirithe €2 a íoc ar an tslí sin ach oiread.

Cé go bhfuil freagracht reachtúil ar an Údarás as an tionscal beagfheithiclí seirbhíse poiblí (ceadúnú agus forfheidhmiú) a rialáil, is daoine aonair féinfhostaithe iad tiománaithe tacsáí agus, dá bhrí sin, socraíonn siad a straitéisí gnó féin laistigh den chreat rialála. Ní dhéanann an tÚdarás aon rialáil ar an bpróiseas trína ndéanann tiománaithe cleamhnacht le soláthraí seirbhíse áirithe nó trína nglacann siad le hobair ó sholáthraí a bhfuil siad cleamhnaithe leis. Mar thoradh air sin, is beag cumas atá ag an Údarás chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna éilimh, seachas dreasachtaí a thabhairt do thiománaithe chun oibriú le linn buaic-amanna.

3.5 Dálaí margaidh ag an struchtúr reatha táillí


Tuairimí agus feacht ar na leibhéil reatha táillí agus ar an struchtúr reatha táillí

Iarradh ar úsáideoirí tacsaithe a dtuairimí a thabhairt faoin luach ar airgead a thairgeann seirbhís tacsáí. Tríd is tríd, d’aontaigh 35 faoin gcéad d’úsáideoirí tacsaithe go dtugann tacsaithe dea-luach ar airgead agus níor aontaigh 38 faoin gcéad díobh leis an ráiteas sin. Is ionann é sin agus meath ar an luach braite ar airgead i gcomparáid le torthaí an tsuirbhé sa bhliain 2019, tráth a d’aontaigh 50 faoin gcéad d’úsáideoirí tacsaithe go dtugann tacsaithe dea-luach ar airgead agus nár aontaigh 18 faoin gcéad díobh leis an ráiteas sin.

Fiafraíodh de na freagraithe ar an suirbhé freisin faoin luach ar airgead a bhaineann le cineálacha turais ar leith. I gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2019, tháinig laghdú freisin ar an gcéatadán de fhreagraithe a d’aontaigh go dtugann tacsaithe dea-luach ar airgead i rith an lae agus san oíche agus do thurais ghearra agus do thurais fhada araon. Tá na figiúirí sin léirithe i bhFíor 3.20.

Maidir leis an struchtúr táillí, d’aontaigh 26 faoin gcéad leis an ráiteas go bhfuil an dóigh a ríomhtar táillí tacsáí éasca le tuiscint. Tháinig laghdú ar an bhfigiúr sin freisin, ó 44 faoin gcéad sa bhliain 2019. Is sothuigthe atá na hathruithe sin, mar gheall ar an laghdú in úsáid tacsaithe le linn na paidéime agus ar an laghdú gaolmhar sa chur amach atá ag daoine ar an struchtúr tacsaiméadair agus táillí, agus mar gheall ar an éiginnteacht gheilleagrach atá ann anois i gcomparáid leis an ionchas dearfach ó thaobh an gheilleagair agus ioncaim indiúscartha de a bhí ann sa bhliain 2019.

Fíor 3.20: Tuairimí tomhaltóirí maidir le tacsaithe agus maidir le luach ar airgead sa struchtúr reatha táillí



Foinse: An tAthbhreithniú ar Uastáillí Náisiúnta Tacsáí don Bhliain 2022 – Suirbhé ar Chustaiméirí, Feabhra 2022


Ba cheart a thabhairt faoi deara go ndearnadh táillí ar sheirbhísí fóirdheonaithe iompair phoiblí a laghdú go sealadach faoi 20 faoin gcéad ar an meán i mí Aibreáin 2022. Bhí sé sin i measc na mbeart a cuireadh ar áireamh i bpacáiste an Rialtais chun an costas maireachtála a laghdú. Dúirt an tAire Ryan, “Bíonn brú méadaitheach ag teacht ar dhaoine de réir mar a mhéadaíonn an praghas ar na bunriachtanais. Agus é ar cheann amháin de shraith beart atá á dtabhairt isteach ag an rialtas, cabhróidh an laghdú seo i dtáillí go mór le cuid den bhrú airgeadais atá ar theaghlach a mhaolú”. Is féidir go n-imreoidh an laghdú sa phraghas ar sheirbhísí malartacha iompair phoiblí tionchar ar an éileamh ar sheirbhísí tacsáí.

Agáí Feithimh

I gcodarsnacht leis an líon tiománaithe agus leis an líon tacsaithe atá ceadúnaithe chun seirbhísí a sholáthar, is léiriú úsáideach ar an bhfáil ar sheirbhísí tacsáí iad na hagaí feithimh a thuairiscigh úsáideoirí tacsaithe i ndáil lena dturas is déanaí de thacsáí.

Tríd is tríd, d'fhan 79 faoin gcéad d'úsáideoirí le tacsáí ar feadh 15 nóiméad nó níos lú an uair is déanaí a thóg siad tacsáí (Fíor 3.21). I mí Feabhra 2022, fuair 37 faoin gcéad d'úsáideoirí amach go raibh sé an-éasca tacsáí a fháil, agus iad ag fanacht ar feadh níos lú ná cúig nóiméad. Bhí ar a deich faoin gcéad d'úsáideoirí fanacht ar feadh 31 nóiméad nó níos mó an uair is déanaí a thóg siad tacsáí.

Fíor 3.21: An fad ama a d'fhan freagraithe ar an suirbhé le tacsáí dá dturas is déanaí, Feabhra 2022



Foinse: An tAthbhreithniú ar Uastáilí Náisiúnta Tacsáí don Bhliain 2022 – Suirbhé ar Chustaiméirí, Feabhra 2022

3.6 Achoimre ar Threochtaí in Éileamh an Mhargaidh agus i Soláthar an Mhargaidh

Éileamh an Mhargaidh

- Tríd is tríd, tháinig meath ar úsáid tacsaithe i gcoitinne i gcomparáid leis an scéal roimh an bpaindéim, agus 53 faoin gcéad d'úsáideoirí tacsaithe ag rá nach n-úsáideann siad tacsaithe chomh minic céanna anois. Thuairiscigh a seacht faoin gcéad díobh go n-úsáideann siad seirbhísí tacsáí níos minice anois ná roimh an bpaindéim agus dúirt 40 faoin gcéad nach raibh aon athrú ann ina leith sin. Bíonn úsáid tacsaithe ag téarnamh anois tar éis deireadh a chur leis na srianta, agus measaimid go leanfaidh an treocht sin ar aghaidh.
- Cé go léirítear sa suirbhé ar úsáideoirí gur tháinig méadú ar an líon daoine a bhaineann úsáid as tacsaithe, léirítear ann freisin nach mbaineann siad úsáid astu chomh minic céanna agus a bhain siad úsáid astu roimh an bpaindéim.
- D'imir an leibhéal srianta a tugadh isteach de dheasca phaindéim Covid-19 tionchar suntasach ar úsáid tacsaithe. Agus an tír faoi réir srianta Leibhéal 5 ag an am, tháinig laghdú 50 faoin gcéad ar an líon measta turas a tógadh de thacsáí sa choicís roimh an suirbhé i mí Feabhra 2021 i gcomparáid leis an bhfigiúr i mí Dheireadh Fómhair 2020, tráth a bhí srianta Leibhéal 3 i bhfeidhm. Tháinig méadú ar úsáid tacsaithe i mí na Bealtaine 2021 (+52%) tar éis srianta Leibhéal 5 a mhaolú. Tháinig méadú eile ar úsáid tacsaithe i mí Dheireadh Fómhair 2021 (+36%), agus measadh gur tógadh 1,752,000 turas sa choicís roimh an suirbhé. Tháinig méadú ar úsáid tacsaithe arís eile i mí Feabhra 2022 (+7%), agus measadh gur tógadh 1,890,000 turas sa choicís roimh an suirbhé.
- Thuairiscigh tríocha faoin gcéad d'úsáideoirí tacsaithe go raibh siad ag taisteal chun críocha fóillíochta an uair is déanaí a thóg siad tacsáí. Ba iad na príomhchúiseanna eile a luadh ná cuairt a thabhairt ar chairde/baill teaghlaigh (15%), siopadóireacht a dhéanamh (13%), cuairt riachtanach a thabhairt ar an ospidéal nó freastal ar choinne riachtanach liachta (10%), agus cúraimí oibre a chur i gcrích (8%).
- Tá an teileafón fós ar an modh is coitianta le haghaidh tacsáí a ordú ar fud na tíre (33%); mar sin féin, leantar le húsáid mhéadaitheach a bhaint as aipsheirbhísí, agus 30 faoin gcéad de fhreagraithe ag rá gur ordaigh siad tacsáí trí aip an uair is déanaí a thóg siad tacsáí. Tá difríochtaí déimeagrafacha eile ann in úsáid aipeanna – tá aipsheirbhísí ar an modh is coitianta le haghaidh tacsáí a ordú i mBaile Átha Cliath, áit a bhfuil an fháil is mó ann ar aipsheirbhísí, a bhfuil siad ar bun leis an tréimhse is faide anuas agus a bhfuil tóir ar leith orthu i measc daoine idir 18 mbliana d'aois agus 35 bliana d'aois (52%).
- Bíonn an t-éileamh is láidre ann ar thacsaithe ar an Aoine agus ar an Satharn agus, tríd is tríd, ba bheag athrú a tháinig ar dháileadh an éilimh ar fud na laethanta difriúla den tseachtain ó rinneadh an suirbhé sa bhliain 2019. Bhí an t-éileamh dailte ar shlí níos cothroime ar fud na laethanta uile den tseachtain le linn na paindéime, áfach.
- Ó thaobh ama de, tá an t-éileamh dailte ar shlí níos cothroime ar fud an lae anois i gcomparáid leis an mbliain 2019. Thóg 46 faoin gcéad d'úsáideoirí a dturas is déanaí de thacsáí idir 6 p.m. agus 4 p.m., síos ó 60 faoin gcéad sa bhliain 2019. Thit an meath sin ar an taisteal san oíche amach i gcomhthráth leis na srianta ar an taisteal le linn phaindéim Covid-19 agus leis an laghdú i gcaidreamh sóisialta ar fud na sochaí ar fad.

Agáí Feithimh

- D'fhan 79 faoin gcéad d'úsáideoirí le tacsáí ar feadh 15 nóiméad nó níos lú an uair is déanaí a thóg siad tacsáí.
- Fuair 37 faoin gcéad d'úsáideoirí amach go raibh sé an-éasca tacsáí a fháil, agus iad ag fanacht ar feadh níos lú ná cúig nóiméad.
- Bhí ar 10 faoin gcéad d'úsáideoirí fanacht ar feadh 31 nóiméad nó níos mó.

Tuairimí agus Dearcthaí i leith an struchtúir reatha táillí

- D'éirigh na tuairimí i leith luach ar airgead níos measa ón mbliain 2019 i leith. Níor aontaigh ach 35 faoin gcéad de fhreagrathaithe leis an ráiteas go dtugann tacsaithe dea-luach ar airgead, síos ó 50 faoin gcéad sa bhliain 2019. Níor aontaigh tríocha is a hocht faoin gcéad de fhreagrathaithe leis an ráiteas go dtugann tacsaithe dea-luach ar airgead, suas ó 18 faoin gcéad sa bhliain 2019. Tharla sé sin i gcomhthéacs an laghdaithe i bhfíorioncam (ioncam lúide boilsciú), tráth a bhí boilsciú pá do chuid mhór oibríthe níos ísle ná an t-innéacs praghsanna do thomhaltóirí.
- D'aontaigh fiche is a sé faoin gcéad d'úsáideoirí tacsaithe leis an ráiteas go bhfuil an struchtúr táillí éasca le tuiscint, síos ó 44 faoin gcéad sa bhliain 2019, mar gheall, b'fhéidir, gur cailleadh le linn na paindéime an cur amach a ghnóthaítear tríd an taisteal tráthrialta.

Soláthar an Mhargaidh

- Tháinig laghdú, ó 17,167 bhfeithicil go 15,838 bhfeithicil, ar mhéid an fhlít náisiúnta tacsaithe idir na blianta 2019 agus 2022. Tá fiche faoin gcéad de na tacsaithe uile ina bhfeithicilí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí agus tá thart ar 5 faoin gcéad díobh ina bhfeithicilí leictreacha.
- Tá seasca faoin gcéad de thiománaithe tacsáí i dteideal paisinéirí a bhailiú ó stadanna tacsáí agus coisithe a phiocadh suas ar an tsráid i mBaile Átha Cliath, agus na tiománaithe eile leata ar fud na tíre.
- Maidir le gach beagfheithicil seirbhíse poiblí (Fruilcharranna agus Limisíní san áireamh), tá 7.4 beagfheithicil seirbhíse poiblí in aghaidh an mhíle duine ann i mBaile Átha Cliath agus tá 3.7 ceann in aghaidh an mhíle duine ann sa tír ina hiomláine.
- Cosúil le haoisphróifíl na dtiománaithe tacsáí ar an leibhéal idirnáisiúnta, tá a haon déag faoin gcéad de thiománaithe faoi bhun 40 bliain d'aois agus tá beagnach dhá dtrian (66%) díobh os cionn 50 bliain d'aois. Tá fiche faoin gcéad de thiománaithe os cionn 65 bliana d'aois.
- Is í an Aoine an lá ar a n-oibríonn an líon is airde tiománaithe tacsáí agus is é an Domhnach an lá ar a n-oibríonn an líon is ísle díobh. Is ísle an céatadán de thiománaithe a oibríonn go déanach san oíche agus go luath ar maidin ná an céatadán de thiománaithe a oibríonn i rith an lae.
- Maidir leis na tiománaithe sin nach n-oibríonn san oíche, thuairiscigh 30 faoin gcéad díobh go ndéanfadh siad breithniú ar dhéanamh amhlaidh dá mbeadh táillí níos airde i bhfeidhm, suas ó 17 faoin gcéad sa bhliain 2019.
- Foinse shuntasach post le haghaidh tiománaithe tacsáí go fóill is ea paisinéirí a bhailiú ag stadanna tacsáí agus coisithe a phiocadh suas ar an tsráid. B'fhearr lena lán tiománaithe an cleachtas sin ná obair réamháirithinte mar gheall ar na muirir ghaolmhara a ghearrann cuideachtaí seoltacha raidió/aipeanna.
- Tháinig laghdú ón mbliain 2019 i leith ar an gcéatadán de thiománaithe atá cleamhnaithe le hoibrítheoir seoltach traidisiúnta raidió. Ba i mbailte agus i gcathracha a tháinig an laghdú is mó ina leith sin.

4. An tInnéacs Costas Tacsaí

4.1 Cúlra

Is ionann an tInnéacs Costas Tacsaí (an tInnéacs) agus uirlis chainníochtúil a úsáideann an tÚdarás Náisiúnta Iompair chun measúnú a dhéanamh ar an athrú sna costais a bhaineann le tacsaí a oibriú. Athríomhtar an tInnéacs thart ar gach dhá bhliain bunaithe ar phraghasinnéacsanna foilsithe agus ar phraghsanna tionscail agus soláthraítear leis cur chuige caighdeánaithe i leith anailís a dhéanamh ar athruithe costais sa tionscal tacsaithe agus i leith measúnú a dhéanamh ar an ngá atá ann le táillí a choigeartú.

Bhí na hAthbhreithnithe ar Tháillí a rinneadh idir na blianta 2006 agus 2012 bunaithe den chuid is mó ar na mór-chomhpháirteanna costais den Innéacs a cumadh sa bhliain 2006 a nuashonrú chun aird a thabhairt ar bhoilsciú. Ba é a bhí i gceist leis an Athbhreithniú ar Tháillí don bhliain 2014 ná an tInnéacs a athchumadh chun raon níos leithne costas a bhíonn le híoc ag an tionscal tacsaithe a chur san áireamh. Nuashonraíodh é sin tráth níos déanaí sna hathbhreithnithe do na blianta 2017 agus 2019.

4.2 Cuspóirí agus struchtúr an Innéacs

Bíonn costais oibriúcháin éagsúla uathúla le híoc ag tiománaithe tacsaí aonair, agus iad ag brath ar a saintréithe oibriúcháin aonair agus ar dhálaí margaidh i gcoitinne. Níl sé mar aidhm leis an Innéacs an costas foriomlán a bhíonn le híoc ag aon tiománaí aonair a chur i láthair. Ina ionad sin, tá sé mar aidhm leis meastachán a thabhairt ar na meánchostais a bhíonn le híoc ag tiománaithe tacsaí. Tá an cur chuige sin bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

- Ní mór an tInnéacs a bheith ionadaíoch agus ní mór na hathruithe i gcostais a bhíonn le híoc ag céatadán suntasach den tionscal a léiriú ann.
- Ba cheart toradh cothrom ar an saothar a sholáthraíonn an tiománaí tacsaí a léiriú san Innéacs.
- Ba cheart an tInnéacs a bheith bunaithe ar thiománaí a chloíonn leis an dea-chleachtas sa tionscal.
- I measc na gcostas a chuirtear ar áireamh san Innéacs tá na mórchostais reatha agus sheasta uile, mar aon le comhpháirt costais saothair. Comhcheanglaítear na costais sin le chéile chun teacht ar chostas táscach foriomlán ar thacsaí a oibriú gach bliain.

Chuaigh paindéim Covid-19 i bhfeidhm go mór ar chuid mhór de na sonraí a úsáideadh chun an tInnéacs don bhliain 2022 a ullmhú, go háirithe i ndáil le leibhéil ghníomhaíochta tacsaithe. Chun a chinntiú go mbeadh an tInnéacs ionadaíoch go fóill don chostas ar thacsaí a oibriú i dtimpeallacht mhargaidh iarrphaindéime, cinneadh an tInnéacs don bhliain 2022 a dhéanamh ‘neodrach ó thaobh na paindéime de’. Cé gur nuashonraíodh costais chun dálaí reatha margaidh a léiriú, is é an toradh atá ar an gcinneadh sin sa chleachtas ná go bhfuil leibhéil ghníomhaíochta tacsaithe bunaithe ar na leibhéil a bhí i réim sa bhliain 2019, roimh an bpaindéim. Níor cuireadh san áireamh san Innéacs ach oiread aon bhearta cúnamh aonuaire ná aon tarscaoiltí sealadacha táillí rialála áirithe a tugadh isteach le linn na paindéime.

4.3 An cur chuige i leith an tInnéacs Costas Tacsaí a ríomh

Ba trí thaighde tionscail go príomha a foinsíodh na praghsanna ar na comhpháirteanna costais aonair. Soláthraíodh i sonraí a bhí ar fáil go poiblí praghsanna beachta tionscail a bhaineann le cothabháil feithicle agus trealamh, ar praghsanna iad atá ina léiriú níos cruinne ar na costais a thabhaíonn an gnáth-thiománaí tacsaí. I gcás go raibh raon éagsúil meastachán ann, ríomhadh meáin agus meáin ualaithe bunaithe ar na praghasphointí éagsúla.

4.4 Príomhthoimhdí

4.4.1 Leibhéal Ghníomhaíochta

Beidh éagsúlacht ann maidir leis na costais a bhaineann le breosla, cothabháil agus athsholáthar trealaimh, agus iad ag brath ar leibhéal ghníomhaíochta an tiománaí. Dá bhrí sin, ba ghá meastacháin a fháil ar an achar a chumhdaíonn an meántiománaí tacsáí gach bliain. Ón mbliain 2017 i leith, tá dhá mheastachán ar leibhéal ghníomhaíochta tiománaithe á n-úsáid san Innéacs chun costais reatha a ríomh. Gabhtar leis an gcur chuige sin an raon meastachán atá ar fáil ar leibhéal ghníomhaíochta tiománaithe agus tá sé ag teacht leis an gcur chuige a glacadh in athbhreithnithe roimhe agus i ndlínsí eile.¹⁶

Cé gur ghnách go ríomhfaí leibhéal ghníomhaíochta tiománaithe bunaithe ar shonraí ón dá bhliain roimhe, ní sholáthrófaí i sonraí do na blianta 2020 agus 2021 meastachán cuí ná meastachán iontaoifa ar ‘mheánleibhéal’ ghníomhaíochta mar gheall ar na srianta a forchuireadh ar gheilleagar na hÉireann de dheasca Phaindeim Covid-19 thar an gcuid is mó den tréimhse sin. Mar sin, ba iad na leibhéal ghníomhaíochta don bhliain 2019 a úsáideadh an athuair mar bhonn don Innéacs don bhliain 2022.

Is í an phríomhfhoinsé a úsáideadh chun leibhéal ghníomhaíochta a mheas ná sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh faoi mhíleáiste feithicle. Tar éis figiúirí a choigeartú chun míleáiste pearsanta a chur san áireamh, measadh an meánachar bliantúil a thaistil tiománaithe tacsáí sa bhliain 2019 a bheith cothrom le **30,352 km**. Tá an mhodheolaíocht agus an bailíochtú don ríomhaireacht sin leagtha amach go mion in Aguisín B. Tá an meastachán sin beagáinín níos ísle ná an t-achar measta **32,624 km** a ríomhadh mar chuid den Athbhreithniú ar Tháillí don bhliain 2017.

Tógadh meastachán eile ar an achar bliantúil a thaistil tiománaithe ó shuirbhé ar thiománaithe tacsáí a rinneadh mar chuid de gach Athbhreithniú ar Tháillí. Sa suirbhé ar thiománaithe tacsáí don bhliain 2019, ba é **42,000 km** an meánachar a thuiriscigh na tiománaithe a ndearnadh suirbhé orthu¹⁷. Tá an meastachán sin níos ísle ná an meánachar **49,000 km** a tuairiscíodh sa suirbhé don bhliain 2017.

4.4.2 Costais Saothair

Cuirtear costais saothair san áireamh san Innéacs, toisc go mbíonn an luach ar am tiománaithe ar an gcomhpháirt costais is mó de sheirbhísí tacsáí a sholáthar. Trí chostais saothair a chur ar áireamh, ba cheart go gcabhrófaí lena chinntiú go bhfuil athruithe i dtuilleamh tiománaithe inchomparáide le hathruithe i dtuilleamh oibríthe eile sa gheilleagar. Caitear le costais saothair mar luach tairisigh laistigh den Innéacs. I gcodarsnacht leis sin, ríomhtar costais reatha bunaithe ar leibhéal mheasta ghníomhaíochta. Tá an cur chuige sin ag teacht leis an gcur chuige a glacadh i mblianta roimhe.

Chun costais saothair a thomhas, is gá breithniú a dhéanamh ar an deischoistas a bhaineann le tacsáí a thiomáint nó ar an ioncam a d’fhéadfadh tiománaí a thuilleamh dá n-oibreodh sé/sí i dtionscal inchomparáide. Tugtar sa Suirbhé ar Thuilleamh, Uaireanta agus Costais Fostaíochta de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh meastacháin ráithiúla ar thuilleamh seachtainiúil do chatagóirí difriúla ceirde, lena n-áirítear “oibríthe táirgeachta, oibríthe iompair, oibríthe ceirde agus oibríthe láimhe eile”. Tá luachanna do na ceithre ráithe is déanaí (dá bhfuil sonraí ar fáil) léirithe thíos.

¹⁶ San Athbhreithniú ar Tháillí don bhliain 2014, cuireadh na meastacháin i gcomparáid leo sin a tuairiscíodh i ndlínsí eile, amhail Tuaisceart Éireann, Hamburg agus an Iorua.

¹⁷ Ba í feithicil lán-inrochtana a thiomáin caoga faoin gcéad de na tiománaithe a cuireadh ar áireamh sa sampla suirbhé don bhliain 2019, toisc gur socraíodh cuóta sonrach ina leith sin. Dá bhrí sin, coigeartaíodh an meánachar a taistealaíodh, mar a tuairiscíodh sa suirbhé, chun léiriú níos fearr a thabhairt ar an bhfíorchéatadán reatha d’fheithicilí caighdeánacha agus d’fheithicilí lán-inrochtana atá ann sa fhlít reatha tacsaithe.

Tábla 4.1: Meastachán ar thuilleamh seachtainiúil de réir ráithe, bunaithe ar an Suirbhé ar Thuilleamh, Uaireanta agus Costais Fostaíochta

Catagóir Ceirde sa Suirbhé ar Thuilleamh, Uaireanta agus Costais Fostaíochta (cineál fostaí)	R4 de 2020	R1 de 2021	R2 de 2021	R3 de 2021
Oibrithe táirgeachta, oibrithe iompair, oibrithe ceirde agus oibrithe láimhe eile	€630.87	€596.72	€631.2	€648.1

Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh

Tagann tiománaithe cairr, tacsáí agus leoraí faoin gcatagóir sin, a fhágann gur féidir sonraí tuillimh a úsáid chun costais saothair tiománaithe tacsáí a mheas. Ba é €627 an meánphá seachtainiúil thar an tréimhse atá i gceist. Bunaithe ar bhliain oibre 48 seachtaine, is ionann é sin agus costas saothair bliantúil €30,083.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go n-áirítear roinnt oibrithe ceirde ón tionscal foirgníochta leis an gcatagóir tionscail ‘Oibrithe táirgeachta, oibrithe iompair, oibrithe ceirde agus oibrithe láimhe eile’ de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh, ar catagóir í a úsáidtear san Innéacs. Cé gur tháinig méadú ar an meántuilleamh seachtainiúil don gheilleagar ar fad (féach Fíor 3.8 thuas), bhí an meántuilleamh in aghaidh na seachtaine don earnáil foirgníochta 4.3 faoin gcéad níos airde ná an meán náisiúnta do gach earnáil den gheilleagar (An Phríomh-Oifig Staidrimh, Ráithe 4 de 2021). Cé nach féidir an chatagóir tionscail ‘Oibrithe táirgeachta, oibrithe iompair, oibrithe ceirde agus oibrithe láimhe eile’ de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh a mhiondealú tuilleadh, ba cheart a thabhairt faoi deara gur as boilsciú pá san earnáil foirgníochta a tháinig an fás is mó sa chomhpháirt costais saothair den Innéacs. Is dóigh go leanfaidh an treocht sin ar aghaidh mar gheall ar na hOrduithe Fostaíochta Earnála nua lena dtabharfar pá íosta breisithe do chodanna den tionscal foirgníochta sna blianta 2022 agus 2023 chun saothar a choinneáil sa tionscal sin ar mhaithe leis an Straitéis um Thithíocht do Chách agus leis an bPlean Gnímh don Aeráid go háirithe.¹⁸

I mBuiséad 2022, méadaíodh an pá íosta ó €10.20 go €10.50. B’ionann é sin agus méadú 2.9 faoin gcéad.

4.4.3 Cineálacha cairr

Ba iad na trí chineál cairr is coitianta sa fhlít náisiúnta tacsaithe sa bhliain 2022 ná Toyota Prius (18%), Toyota Avensis (17%) agus Skoda Superb (11%). Toimhdítear go bhfuil inneall díosail ag Toyota Avensis agus ag Skoda Superb araon agus go bhfuil toilleadh innill 2.0 lítear agus 1.9 lítear acu faoi seach. Toimhdítear go bhfuil inneall peitрил-hibrideach ag Toyota Prius agus go bhfuil toilleadh innill 1.8 lítear aige.

Úsáidtear meán ualaithe le haghaidh na dtrí chineál cairr is coitianta chun costais mhaoiniúcháin, bhreosla agus chothabhála feithicle a ríomh. Tá an ghnáthchothabháil ar fad bunaithe ar mhinicíochtaí a bhfuil moltaí ó mhonaróirí agus an dea-chleachtas sa tionscal mar bhonn eolais fúthu.

Tá thart ar 800 tacsáí ina bhfeithiclí leictreacha. Cé gur líon méadaitheach é sin, ní leor é go fóill chun feithiclí leictreacha a chur ar áireamh san Innéacs don athbhreithniú seo. Cuirfear iad ar áireamh ann de réir a chéile, agus aird á tabhairt ar an bhfioras gurb ísle na costais reatha le haghaidh feithiclí leictreacha ná iad sin le haghaidh feithiclí a bhfuil inneall dócháin inmheánaigh acu, go háirithe mar

¹⁸ <https://enterprise.gov.ie/en/News-And-Events/Department-News/2021/November/20211129.html>

gheall go meastar go bhfuil costais bhreosla le haghaidh feithiclí leictreacha thart ar aon trian níos ísle ná iad sin le haghaidh feithiclí eile. Tabharfar aird ar chostais cheannaigh freisin, áfach.

4.5 An tInnéacs Costas Tacsáí don bhliain 2022

Is iad na trí phríomhchatagóir costais don Innéacs Costas Tacsáí don bhliain 2022 ná costais reatha, costais sheasta agus costais saothair. Cuireadh dhá Innéacs ar leith le chéile; ceann amháin do gach leibhéal gníomhaíochta atá leagtha amach i Rannán **Error! Reference source not found.** Baineann gach ceann de na costais sin leis an gcostas ar thacsáí a oibriú ar feadh bliana. Ní thabhaítear costais sheasta áirithe gach bliain. Rinneadh na costais sin a bhliantúlú bunaithe ar a mhíne a thabhaítear iad i ndáiríre nó, i gcásanna áirithe, bunaithe ar thiomhde réasúnach atá bunaithe ar an dea-chleachtas sa tionscal. Cé gur tarscaoileadh muirir rialála áirithe le linn phaindéim Covid-19, ba cheart a thabhairt faoi deara gur úsáideadh na gnáthmhínicíochtaí a bhí i réim roimh an bpaindéim i leith na muirear sin agus nach ndearnadh aon choigeartú anuas ar chostais.

Tábla 1.2: Tuairisc ar na comhpháirteanna den chostas reatha bliantúil

Comhpháirt den Innéacs	Tuairisc
Breosla	An costas bliantúil ar bhreosla
Seirbhísiú	An costas ar mhórsheirbhísiú agus ar mhionseirbhísiú
Glantachán	An costas ar mhórghlantaí agus ar mhionghlantaí
Boinn	An costas ar bhoinn a athsholáthar
Páirteanna Spártha	An costas ar pháirteanna spártha a theastaíonn chun an carr a choinneáil i riocht cuí
Costais Reatha Ilghnéitheacha	Cuirtear an chomhpháirt seo ar áireamh chun teagmhas a sholáthar i leith aon chostas breise a thabhaítear le linn tacsáí a oibriú

Tábla 4.3: Tuairisc ar na comhpháirteanna den chostas seasta bliantúil

Comhpháirt den Innéacs	Tuairisc
Ceannach agus Maoiniú Cairr	An costas bliantúlaithe ar iasacht cairr, glan ar an luach athdhíola
Árachas	An costas ar thacsáí a árachú – ag brath ar phróifíl an tiománaí
Cleamhnachtaí – oibrítheoir seoltach traidisiúnta/aipsheirbhís	An costas ar chleamhnacht a dhéanamh le hoibrítheoir seoltach traidisiúnta nó le haipsheirbhís
Athsholáthar Trealamh – ceanglais rialála	An costas bliantúlaithe ar threalamh a cheanglaítear le rialacháin tacsáí, lena n-áirítear méadair, printéirí, comharthaí dín, brandáil agus trealamh riachtanach sábháilteachta (múchtóir dóiteáin, fearas garchabhrach)
Athnuachan Ceadúnais Feithicle Tacsáí	An costas bliantúlaithe ar cheadúnas feithicle tacsáí a athnuachan
Mótarcháin	An mhótarcháin bhliantúil is iníoctha i leith na feithicle
Muirir Aerfoirt	An muirear a ghearrtar i leith oibriú ag aerfort
An Tástáil Náisiúnta Carranna	An costas ar Thástáil Náisiúnta Carranna a dhéanamh ar bhonn tréimhsiúil
Fíorú Méadair	An costas bliantúlaithe ar mhéadar a fhíorú
Calabrú agus Ríomhchlárú Méadair:	An costas bliantúlaithe ar mhéadar a chalabrú agus a ríomhchlárú
Ceadúnas Tiománaí Beagfheithicle Seirbhíse Poiblí	An costas bliantúlaithe ar cheadúnas tiománaí tacsáí

Tábla 4.4: Tuairisc ar na comhpháirteanna den chostas saothair bliantúil

Comhpháirt den Innéacs	Tuairisc
Costais Saothair	Meastachán ar thuilleamh tiománaithe

Leagtar amach sa rannán seo a leanas an mhodheolaíocht agus na luachanna a úsáideadh do gach comhpháirt costais.

4.5.1 Costais Reatha

Baineann costais reatha bhliantúla leis na costais laethúla ar thacsaí a oibriú. Áirítear leo sin breosla, seirbhísiú, glantachán agus boinn. Tá na costais reatha laistigh den Innéacs bunaithe ar leibhéal mheasta gníomhaíochta tiománaithe. Mar atá tuairiscithe i Rannán **Error! Reference source not found.**, measadh dhá leibhéal gníomhaíochta ar leith. Tá costais reatha atá bunaithe ar an dá leibhéal gníomhaíochta sin léirithe thíos.

Tábla 4.5: Costais Reatha


	Leibhéal Gníomhaíochta	
	Meastachán ón bPríomh-Oifig Staidrimh don bhliain 2019	Meastachán ó Thiománaithe don bhliain 2019
Comhpháirt den Innéacs	30,352 km	42,000 km
Breosla	€2,390	€3,307
Seirbhísiú	€436	€603
Glantachán	€1,073	€1,073
Boinn	€389	€539
Páirteanna Spártha	€284	€393
Costais Reatha Ilghnéitheacha	€300	€300
Costais Reatha Iomlána	€4,873	€6,216

- **Breosla:** Rinneadh meán ualaithe le haghaidh rátaí ídiú breosla in aghaidh an chiliméadair a ríomh do na trí chineál cairr is coitianta agus rinneadh meánphraghsanna díosail agus peitрил don chéad trí mhí den bhliain 2022 a fhoinsiú ón bPríomh-Oifig Staidrimh agus ón gCoimisiún Eorpach.

Ba cheart a chur in iúl go soiléir go raibh praghsanna breosla an-luaineach ó rinneadh an tAthbhreithniú ar Uastáillí Náisiúnta Tacsaí don bhliain 2019 (go háirithe sa chéad ráithe den bhliain 2022) agus go bhfuil siad an-spleách ar thosca seachtracha polaitiúla agus geilleagracha. Ag teacht sna sála ar thús phaindéim Covid-19 i mí an Mhárta 2020, tháinig laghdú suntasach ar phraghsanna ola tar éis srianta forleathana taistil agus geilleagracha a thabhairt isteach. Tháinig laghdú beag ar phraghsanna breosla sa bhliain 2020 freisin. Tháinig méadú ar phraghsanna ola ag deireadh na bliana 2020 agus ar fud na bliana 2021 de réir mar a tháinig geilleagair ar fud an domhain amach as srianta paindéime de réir a chéile. Tháinig méadú seasta ar phraghsanna breosla le linn na tréimhse sin freisin. Cé go raibh praghsanna breosla ag méadú faoi 2-3 faoin gcéad in aghaidh na míosa cheana féin sa bhliain 2021 agus go luath sa bhliain 2022, bhí ionradh na Rúise ar an Úcráin agus na smachtbhannaí a d'fhorchuir an tAontas Eorpach ar gheilleagar na Rúise ina gcúis le méadú suntasach ar phraghsanna lasmuigh de na gnáth-threochtaí sin. Mhéadaigh meánchostais bhreosla faoi 7-

13 faoin gcéad i mí an Mhárta 2022 i gcomparáid leis an bhfigiúr do mhí Feabhra, agus tá siad ag luainiú go suntasach ar bhonn laethúil ó shin i leith.

Mar thoradh ar an luaineacht i bpraghsanna breosla de dheasca eachtraí seachtracha geopholaitiúla agus geilleagracha, tá sé deacair ‘meánchostas’ breosla a mheas i gcomparáid le hInnéacsanna roimhe. D’fhéadfadh éifeachtaí na paindéime sonraí ón mbliain 2020 agus ón mbliain 2021 a chur as a riocht. Mar sin, dá n-úsáidí sonraí den sórt sin, d’fhéadfaí costais bhreosla atá ró-íseal a fháil. Mar shampla, ba iad €1.283 in aghaidh an lítir agus €1.181 in aghaidh an lítir na praghsanna íosta ar pheitreal agus ar dhíosal faoi seach i mí na Nollag 2020. Ní bheadh sé ceart costais bhreosla a bhunú ar phraghsanna reatha caidéil agus ar na praghsanna sin amháin ach oiread, toisc go mbeadh baol ann go ndaingneofaí boilsciú praghsanna a meastar gur eachtra shealadach é. Ba iad €1.82 in aghaidh an lítir peitiril agus €1.90 in aghaidh an lítir díosail na meánphraghsanna miondíola i mí an Mhárta 2022, de réir AA¹⁹. D’fhéadfadh praghsanna reatha breosla athrú go suntasach go fóill sna míonna atá romhainn, ag brath ar roinnt tosca. Áirítear leo sin an staid san Úcráin, aon athruithe eile i smachtbhannaí Eorpacha, na freagairtí fíoscacha a d’fhéadfadh rialtais náisiúnta a ghlacadh chun an costas ar bhreosla a laghdú (tugadh laghdú sealadach i ndleacht mháil ar bhreoslaí isteach i mí an Mhárta 2022: laghdú 20c in aghaidh an lítir peitiril agus laghdú 15c in aghaidh an lítir díosail), agus dálaí geilleagracha i gcoitinne. Tógadh an meánphraghas don chéad trí bliana den bhliain 2022 mar mheastachán don Innéacs don bhliain 2022, rud atá cothrom le €1.75 in aghaidh an lítir díosail agus €1.80 in aghaidh an lítir peitiril. Tríd is tríd, is ionann é sin agus méadú 25 faoin gcéad i gcostais bhreosla i gcomparáid leis an Innéacs don bhliain 2017 de réir sonraí faoi leibhéal ghníomhaíochta ón bPríomh-Oifig Staidrimh agus is ionann é agus méadú 15 faoin gcéad de réir na leibhéal ghníomhaíochta a thuiriscigh tiománaithe.



Foinse: An tInnéacs Praghsanna do Thomhaltóirí ón bPríomh-Oifig Staidrimh, Fo-innéacsanna mionsonraithe do pheitreal agus do dhíosal.

¹⁹ De réir na modheolaíochta a úsáideann AA chun an meánphraghas ar pheitreal agus ar dhíosal a ríomh, is cosúil nach áirítear leis an meánluach do mhí an Mhárta 2022 an laghdú sealadach i ndleacht mháil ar bhreoslaí a fógraíodh go luath i mí an Mhárta 2022.

- **Seirbhísiú:** Ríomhtar costais seirbhísithe trí úsáid a bhaint as meán ualaithe costas do na trí chineál cairr is coitianta. Tá na heatraimh do mhórsheirbhísí agus do mhionseirbhísí bunaithe ar na sonraíochtaí ó mhonaróirí. Foinsítear na costais ó na príomhchuideachtaí díoltóireachta agus ó fhaisnéis fhoilsithe.
- **Glantachán:** Ar aon dul le hAthbhreithnithe roimhe ar Tháillí, toimhdíodh go bhfaigheann tiománaithe tacsáí dhá “mhórghlanadh” in aghaidh na bliana agus go bhfaigheann siad dhá “mhionghlanadh” in aghaidh na seachtaine. Measadh an meánchostas ar mhionghlanadh a bheith cothrom le €9 le haghaidh feithicil chaighdeánach agus le €11 le haghaidh tacsáí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí. Cumhdaíonn sé sin an costas ar niteoir carranna nó an costas ar am an tiománaí, má dhéanann sé/sí féin an glanadh. Measadh an meánchostas ar mhórghlanadh a bheith cothrom le €84 le haghaidh feithicil chaighdeánach agus le €97 le haghaidh tacsáí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí.
- **Boinn:** Amhail i gcás Innéacsanna roimhe, toimhdíodh go n-athsholáthraíonn tiománaithe a mboinn gach 36,000 ciliméadar. Rinneadh an meánchostas ar thacar iomlán bonn a cheannach agus a fheistiú a mheas bunaithe ar roinnt shamplach mórsholáthraithe, agus é á ríomh don dá leibhéal gníomhaíochta.
- **Páirteanna Spártha:** Socraíodh ráta €900 in aghaidh an 100,000 km san Athbhreithniú ar Tháillí don bhliain 2014 chun freastal ar an gcostas a bhaineann le páirteanna spártha a athsholáthar, lena n-áirítear ceallraí, cuimilteoirí gaothscátha, maolairí turrainge, pillíní coscáin agus dioscaí. Déantar an ráta sin a innéacsú de réir boilscithe trí úsáid a bhaint as an bhfo-innéacs ‘Páirteanna spártha agus gabhálaí le haghaidh trealamh iompair phearsanta’ de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh, rud a mhéadaigh faoi thart ar 4 faoin gcéad idir na blianta 2014 agus 2021. Coigeartaíodh an ráta sin go €936 in aghaidh an 100,000 km san Innéacs don bhliain 2022.
- **Costais Reatha Ilghnéitheacha:** Baineadh roinnt míreanna lánroghnacha costais den Innéacs don bhliain 2014, agus comhpháirt ghinearálta costais €300 á cur ina n-ionad. Ní dheanadh aon athrú ar an ráta sin ó shin i leith.

4.5.2 Costais Sheasta

Baineann costais sheasta bhliantúla leis na costais sin a thabhaítear beag beann ar leibhéal ghníomhaíochta tiománaithe. Áirítear iad seo a leanas leis na costais sheasta atá liostaithe sa rannán seo: ceannach agus maoiniú cairr; árachas; caiteachas ar chleamhnachtaí le hoibritheoirí seoltacha traidisiúnta agus/nó le haipsheirbhísí; agus trealamh a cheanglaítear faoi rialacháin. Tá miondealú iomlán ar chostais sheasta tugtha i dTábla 4.6 thíos.

Ní thabhaítear costais sheasta áirithe gach bliain. Rinneadh na costais sin a bhliantúlú bunaithe ar a mhinice a thabhaítear iad (i ndáiríre nó bunaithe ar an dea-chleachtas sa tionscal). Mar a luadh cheana féin, rinneadh costais sheasta áirithe a tharscaoileadh/a laghdú/a aisíoc de dheasca phaindéim Covid-19. Níor tugadh aon aird ar na bearta sin sna ríomhaireachtaí seo, áfach.

Tábla 4.6: Costais Sheasta

Comhpháirt den Innéacs	Costas don bhliain 2021
Ceannach agus Maoiniú Cairr	€3,899
Árachas	€1,867
Cleamhnachtaí – oibritheoir seoltach traidisiúnta/aipsheirbhís	€2,872
Athsholáthar Trealamh – ceanglais rialála	€230

Athnuachan Ceadúnais Feithicle Tacsáí	€150
Mótarcháin	€95
Muirir Aerfoirt	€41
An Tástáil Náisiúnta Carranna	€62
Fíorú Méadair	€43
Calabré agus Ríomhchlárú Méadair	€45
Ceadúnas Tiománaí Beagfeithicle Seirbhíse Poiblí	€50
Ceadúnas Náisiúnta Tiománaí	€6
Costais Sheasta Iomlána	€9,360

- **Ceannach agus Maoiniú Cairr:** Ríomhtar an meánchostas ar mhaoiniú feithicle bunaithe ar an meánphraghas ualaithe ar iasacht théarmach cúig bliana do na trí chineál cairr is coitianta i measc tiománaithe tacsáí: Toyota Prius; Toyota Avensis; agus Skoda Superb. Toimhdítear go dtarlaíonn sé ar an meán go gceannaítear feithiclí agus iad 3 bliana d’aois agus go n-athdhíoltar iad ansin agus iad 8 mbliana d’aois. Foinníodh na luachanna ceannaigh/athdhíola seo ó Motor Trade Publishers agus ríomhadh an costas maoiniúcháin trí úsáid a bhaint as meánrátaí ó roinnt shamplach iasachtóirí móra. Is glan ar an meánluach athdhíola atá an costas ceannaigh agus maoiniúcháin cairr atá léirithe thuas. De réir an tSuirbhé ar Thiománaithe Tacsáí don bhliain 2022, tá an téarma iasachta is coitianta sa raon idir cúig bliana agus sé bliana.
- **Árachas:** Tá stair árachaithe an tiománaí ina toisc rithábachtach maidir leis an dóigh a gcinntear costais árachais le haghaidh tiománaithe beagfeithicle seirbhíse poiblí. Tá na costais árachais laistigh den Innéacs bunaithe ar ghnáth-thiománaí ionadaíoch ag a bhfuil taithí cúig bliana ar thacsáí a thiomáint²⁰. Chuathas i gcomhairle le bróicéirí árachais i ndáil leis na costais árachais ar dóigh go dtabhódh gnáth-thiománaí ionadaíoch ag a bhfuil ceadúnas glan, Toyota Avensis atá cúig bliana d’aois agus bónas cealéilimh cúig bliana ar pholasáí tacsáí iad. Fuarthas meánmheastachán €1,671. Fuarthas meastacháin freisin le haghaidh gnáth-thiománaí ‘nós nua’ ag a bhfuil taithí dhá bhliain nó trí bliana ar bheagfeithicil seirbhíse poiblí a thiomáint. Fuarthas meánmheastachán €2,700 don chineál tiománaí sin. Tar éis na figiúirí sin a ualú de réir an chéatadáin de thiománaithe seanchleachta agus de thiománaithe nua atá ag oibriú sa tionscal tacsaithe faoi láthair, fuarthas meánchostas árachais €1,867. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach n-áirítear leis na meastacháin sin aon lascaíní.

Is ionann an figiúr sin agus laghdú 30 faoin gcéad i gcostais árachais ó rinneadh an tInnéacs don bhliain 2017. Léiríonn sé sin iomaíocht mhéadaithe sna margáí árachais tacsaithe agus gluaisteán i gcoitinne in Éirinn, agus custaiméirí ag fáil praghsanna níos fearr dá bharr sin. Chonacthas laghduithe den chineál céanna sa mhargadh árachais gluaisteán do thomhaltóirí freisin. Taifeadadh san Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí ón bPríomh-Oifig Staidrimh laghdú 34 faoin gcéad i bpraghsanna árachais gluaisteán idir na blianta 2016 agus 2022.

- **Cleamhnachtaí le hOibríteoirí Seoltacha Traidisiúnta/Aipsheirbhíse:** Tabhaíonn céatadán suntasach den tionscal tacsaithe costais a bhaineann le cleamhnachtaí a dhéanamh le hoibríteoir seoltach traidisiúnta nó le haipsheirbhís, nó leis an dá cheann díobh. San am atá thart, ba ar an gcatagóir seo den Innéacs a leithdháileadh an costas bliantúil iomlán ar chuideachta sheoltach raidió.

²⁰ Bíonn na préimheanna árachais is airde le hóc ag na tiománaithe is lú taithí, agus aithnítear gur tháinig méadú le blianta beaga anuas ar an gcéatadán de thiománaithe nua atá ann sa fhliú. Mar sin féin, is cuí leanúint le meastacháin ar chostais árachais a bhunú ar an ngnáth-thiománaí ionadaíoch, faoi mar a rinneadh le haghaidh Innéacsanna roimhe, toisc go bhfuil taithí cúig bliana ar a laghad ag formhór mór na dtiománaithe sa fhliú reatha tacsaithe. Maidir le tiománaithe nach bhfuil an méid céanna taithí acu, tiocfaidh laghdú ar a bpréimheanna árachais tar éis cúpla bliain de réir mar a ghnóthaíonn siad tuilleadh taithí.

Tháinig laghdú suntasach le blianta beaga anuas ar an gcéatadán de thiománaithe a úsáideann na seirbhísí de chuid cuideachtaí seoltacha traidisiúnta raidió. Tharla sé sin i gcomhthráth le haistriú mór i dtreo aipsheirbhísí. Mar shampla, sa bhliain 2014 (an bhliain inar forbraíodh struchtúr reatha an Innéacs), bhí 36 faoin gcéad de thiománaithe cleamhnaithe le cuideachta sheoltach raidió agus bhí 35 faoin gcéad díobh cleamhnaithe le haip.

De réir an tSuirbhé ar Thiománaithe don bhliain 2022, áfach, bhí athrú suntasach ann sa líon tiománaithe a úsáideann aipeanna. Bhain 73 faoin gcéad de thiománaithe úsáid as aip (agus bhain 8 faoin gcéad díobh sin úsáid as cuideachta sheoltach thraidisiúnta raidió freisin) agus bhain 9 faoin gcéad de thiománaithe úsáid as cuideachta sheoltach amháin (gan úsáid a bhaint as aip freisin). I gcás na dtiománaithe sin a úsáideann aipeanna, mheas siad i mí Feabhra 2022 gur as aipeanna a thagann 65 faoin gcéad dá bpoist ar an meán. Tugann sé sin le fios gur as aipeanna a thagann beagán faoi bhun leath na bpost uile (47%).

Chun úsáid reatha seirbhísí seoltacha raidió agus aipsheirbhísí a léiriú, rinneadh an costas bliantúil ar chleamhnacht le haipsheirbhísí agus le seirbhísí seoltacha raidió a mheas bunaithe ar an Suirbhé ar Thiománaithe a rinneadh i mí Feabhra 2022. Rinneadh an meastachán sin a ualú ansin de réir an chéatadán de thiománaithe a bhain úsáid as ceachtar seirbhísí nó as an dá cheann díobh. Mar thoradh air sin, thángthas ar chostas ualaithe bliantúil iomlán €2,839 ar chleamhnacht le haipsholáthraí nó le cuideachta raidió. Mhéadaigh an costas sin ó €2,326 sa bhliain 2019, rud a léiríonn an méadú in úsáid aipeanna agus an muirear gaolmhar seirbhíse ar gach táille aipe. Tá an meánmuirear aipsheirbhíse (ar fud na n-aipeanna uile a úsáideann tiománaithe in Éirinn) cothrom le 15 faoin gcéad de luach gach táille.

- **Athsholáthar trealaimh – ceanglais rialála:** Ceanglaítear leis na rialacháin reatha go mbeadh roinnt píosaí trealaimh i bhfeidhm chun tacsáí a oibriú, lena n-áirítear tacsaiméadar, printéir, comhartha ar dhíon an tacsáí agus comhartha oifigiúil ar dhoras an tacsáí. Ceanglaítear ar oibritheoirí tacsáí fearas sábháilteachta a bheith acu san fheithicil freisin, lena n-áirítear múchtóir dóiteáin, fearas garchabhrach, triantán, veist shofheicthe agus tóirse. Rinneadh costas bliantúil an trealaimh sin a mheas bunaithe ar athbhreithniú ar mhórsholáthraithe. Tá an meastachán sin bunaithe ar thimthriall athsholáthair cúig bliana.

Áirítear leis an gcatagóir seo freisin an costas ar fhuinneoga imire nó ‘gloine príobháideachta’ a bhaint, rud atá réamhshuiteáilte ar a lán carranna nua agus athlámhe a fhoinsítear ón margadh príobháideach. Rinneadh an costas ar fhuinneoga imire a athsholáthar a mheas bunaithe ar thaighde margaidh a rinne an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Rinneadh an meastachán sin a ualú ansin de réir na bhfeithiclí tacsáí is coitianta atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí agus de réir na bhfeithiclí tacsáí eile is coitianta. Amhail i gcás ceannach agus maoiniú feithicle, toimhdíodh go mbíonn timthriall athsholáthair cúig bliana i gceist.

- **Athnuachan Ceadúnais Feithicle Tacsáí:** Is gnách go mbíonn costas €150 i gceist le ceadúnas tacsáí a athnuachan ar feadh 12 mhí (á thoinhdiú go n-athnuaitear an ceadúnas roimh dhul in éag an cheadúnais roimhe).
- **Muirir Aerfoirt:** Chun go bhféadfaidh siad oibriú ó stadanna tacsáí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus ag Aerfort na Sionainne, ceanglaítear ar thiománaithe tacsáí cead aerfoirt a cheannach. Féadfar 1,490 cead ar a mhéad a eisiúint (figiúr is comhionann le thart ar 9% den fhliú), agus cosnaíonn na ceadanna sin €440 in aghaidh na bliana. Cé go mbíonn an costas sin ag brath ar an bplean íocaíochta a roghnaíonn an tiománaí, toimhdíodh go n-íocann tiománaithe as an gcead i dtráthchuid bhliantúil amháin.

- **An Tástáil Náisiúnta Carranna:** Ní mór tacsaithe atá faoi bhun deich mbliana d’aois a chur faoin Tástáil Náisiúnta Carranna gach bliain ar chostas €55. Ní mór tacsaithe atá os cionn deich mbliana d’aois (12% den fhlít) a chur faoi dhá Thástáil Náisiúnta Carranna in aghaidh na bliana, ar chostas bliantúil €110. Mar gheall ar aois an fhlít, rinneadh an costas atá liostaithe a ualú chun na ceanglais dhifriúla tástála sin a léiriú.
- **Calabrá agus Ríomhchlárú Méadair:** Toimhdíodh nach mór méadair a ath-ríomhchlárú gach dhá bhliain (cé nár ceanglaíodh déanamh amhlaidh ón mbliain 2018 i leith). Úsáideadh costas €90 in aghaidh an ath-ríomhchlárú. Is é €86.10 an costas reatha ar Fhíorú ó LMS. Cé go mbíonn éagsúlacht ann maidir leis na costais a ghearrtar ar thacsaíméadar a chalabrá, is é €91.60 an meánchostas bunúsach sa bhliain 2022. Thar thréimhse dhá bhliain, is ionann an costas sin agus €43.05 le haghaidh Fíorú (gan athrú ó rinneadh an t-athbhreithniú roimhe ar tháillí) agus is ionann é agus €45.80 le haghaidh ath-ríomhchlárú agus calabrá.
- **Costais Eile:** Foinsíodh an costas ar cheadúnais tiománaí ó shonraí atá ar fáil go poiblí. Rinneadh an costas ar cheadúnais tiománaí a bhliantúlú mar a leanas:
 - Ní mór Ceadúnas Tiománaí Beagfheithicle Seirbhíse Poiblí a athnuachan gach cúig bliana.
 - Ní mór Ceadúnas caighdeánach Tiománaí a athnuachan gach deich mbliana.

4.5.3 Costais Saothair

Mar atá leagtha amach i Rannán 4.4.2, is iad meánchostais saothair bhliantúla an príomhchostas a chuirtear ar áireamh san Innéacs. Ríomhadh an costas saothair bliantúil a bheith cothrom le €30,083, bunaithe ar shonraí faoi mheántuilleamh seachtainiúil ‘Oibríthe táirgeachta, oibríthe iompair, oibríthe ceirde agus oibríthe láimhe eile’ ón bPríomh-Oifig Staidrimh.

Tábla 4.7: Costais Saothair

Comhpháirt den Innéacs	Costais don bhliain 2021
Costais Saothair	€ 30,083

Is é saothar an chomhpháirt is mó den Innéacs, a fhágann gur gnách go ndéanann athruithe i gcostais saothair an difear is mó do threo agus méid an Innéacs ó bhliain go bliain. (Féach Tábla D.3 in Aguisín C chun faisnéis a fháil faoin méadú sa chomhpháirt seo den Innéacs ón mbliain 2012 i leith). Tháinig méadú 26 faoin gcéad ar chostais saothair ó rinneadh an nuashonrú is déanaí ar an Innéacs.

4.5.4 Costais Iomlána

Cuimsíonn na costais iomlána ar thacsaí a oibriú costais reatha, costais sheasta agus costais saothair. Ós rud é go mbíonn costais reatha ag brath ar leibhéil ghníomhaíochta tiománaithe, tá na costais reatha agus na costais iomlána atá léirithe i dTábla 4.8 bunaithe ar an meastachán ar leibhéil ghníomhaíochta ón bPríomh-Oifig Staidrimh agus ar mheastacháin ón Suirbhé ar Thiománaithe Tacsáí araon. Caitear le costais saothair mar luach tairisigh san Innéacs. Ní dhéanann athruithe i leibhéil ghníomhaíochta aon difear do chostais sheasta ach oiread.

Tábla 4.8: An tInnéacs Costas Tacsaí don bhliain 2022

	Leibhéal Gníomhaíochta	
	Meastachán ón bPríomh-Oifig Staidrimh	Meastachán ó Thiománaithe
Comhpháirt den Innéacs	30,352 km	42,000 km
Costais Reatha	€ 4,873	€ 6,216

Costais Sheasta	€ 9,360	€ 9,360
Costais Saothair	€ 30,083	€ 30,083
Costais Iomlána	€ 44,281	€ 45,624

4.6 Achoimre agus Conclúid

Tá torthaí an Athbhreithnithe ar Uastáillí Náisiúnta Tacsáí don bhliain 2022 achoimrithe i dTábla 4.9, áit a bhfuil siad curtha i gcomparáid le torthaí na nAthbhreithnithe ar Tháillí do na blianta 2017 agus 2019 freisin. Ós rud é nár ardaíodh táillí tacsáí tar éis an Athbhreithnithe ar Tháillí don bhliain 2019, féachtar ar an mbliain 2017 mar bhliain chomparáide chun críocha an Athbhreithnithe ar Tháillí don bhliain 2022.

Mar a tugadh faoi deara roimhe seo, tá leibhéil ghníomhaíochta bunaithe ar na leibhéil ghníomhaíochta a bhí i réim sa bhliain 2019 mar gheall ar an tionchar díréireach a bhí ag paidéim Covid-19 ar oibríochtaí tacsáí sna blianta 2020 agus 2021. Toimhdíonn sé sin, chun críche an Athbhreithnithe seo ar Tháillí, go bhfillfidh an t-éileamh ar thacsaithe ar ais ar na leibhéil a bhí i réim roimh an bpaidéim.

Tábla 4.9: Athruithe Coigeartaithe san Innéacs Costas Tacsáí, 2017-2022

Bliain	Na Leibhéil Ghníomhaíochta a Thuariscigh an Phríomh-Oifig Staidrimh			Na Leibhéil Ghníomhaíochta a Thuariscigh Tiománaithe		
	2017	2019	2022	2017	2019	2022
KM	32,624 km	29,951 km	30,352 km	49,000 km	42,000 km	42,000 km
Costais Reatha	€4,309	€4,235	€4,873	€5,825	€5,430	€6,216
Costais Sheasta	€11,480	€11,321	€9,360	€11,480	€11,321	€9,360
Costais Saothair	€23,945	€25,878	€30,083	€23,945	€25,878	€30,083
Costais Iomlána	€39,734	€41,435	€44,315	€41,250	€42,629	€45,658
Athrú Céatadánach, 2017-2022			11.5%			10.7%
Méadú Molta san Innéacs Costas Tacsáí don bhliain 2022*			12.5%			11.7%

* Áirítear leis seo liúntas breise 1% le haghaidh íocaíochtaí gan airgead tirim

Is iad costais saothair an chomhpháirt is mó den Innéacs, agus iad freagrach as dhá dtrian den Innéacs iomlán sa bhliain 2022. Tá costais sheasta freagrach as aon chúigiú den Innéacs agus tá costais reatha freagrach as an gcuid eile. Bhí an chomhpháirt saothair den Innéacs níos ísle sa bhliain 2017, agus í cothrom le 60 faoin gcéad. Léiríonn sé sin an dóigh a mbíonn boillsciú pá ag brú méaduithe san Innéacs chun cinn. Tháinig laghdú ar chostais sheasta idir na blianta 2017 agus 2022 mar gheall ar éifeachtúlachtaí in úsáid teicneolaíochta, go háirithe a mhéid a ghlac an tionscal le haipeanna, agus mar gheall ar an laghdú leantach i gcostais árachais gluaisteán. Is féidir an méadú i gcostais reatha a chur síos go príomha don mhéadú i gcostais bhreosla.

5. Moladh

Tríd is tríd, bhí an méadú san Innéacs Costas Tacsáí idir na blianta 2017 agus 2022 sa raon idir 10.7 faoin gcéad agus 11.5 faoin gcéad. Moladh san Athbhreithniú ar Tháillí don bhliain 2019 go gcoigeartófaí an tInnéacs faoi 1 faoin gcéad eile chun freastal ar na costais bhreise (táillí idirbhirt agus soláthar crua-earraí) a bhaineann le saoráidí íocaíochta gan airgead tirim.

Agus an soláthar sin d'íocaíochtaí gan airgead tirim á chur ar áireamh, tá an méadú molta san Uastáille don bhliain 2022 sa raon idir **11.7%** agus **12.5%** os cionn leibhéil na bliana 2017. Ba iad na príomhrudaí a bhrúigh an tInnéacs chun cinn ná an méadú i gcostais saothair agus i gcostais bhreosla. Fritháiríodh na costais sin mar gheall ar laghduithe i gcostais árachais agus mar gheall ar laghduithe i gcleamhnachtaí le cuideachtaí seoltacha agus le haipeanna.

Aguisín A – Bearta maolaithe Covid-19 ar thug an tÚdarás Náisiúnta Iompair fúthu chun cabhrú le seirbhísí a athbhunú ó mhí an Mhárta 2020 i leith

Rinneadh na bearta seo a leanas, agus iad leagtha amach in ord croineolaíoch:

- Chuathas i dteagmháil fhairsing leis an tionscal ar bhonn aonair agus trí shuíomh Gréasáin an Údaráis, agus comhairle agus cúnamh á dtabhairt maidir le gach gné d'oibríochtaí, lenar áiríodh an t-iarchur sealadach gníomhaíochtaí agus an cúnamh a bhí ar fáil ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, mar aon leis an *Nóta Faisnéise don Tionscal Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí (COVID-19)*, ar nóta dinimiciúil é inar tugadh comhairle cothrom le dáta maidir leis na nithe uile a bhaineann le paindéim COVID-19 sa tionscal beagfheithiclí seirbhíse poiblí;
- Rinneadh dátaí athnuachana na gceadúnas feithicle a bhí le hathnuachan idir an 13 Márta agus an 12 Meitheamh 2020 a iarchur faoi thrí mhí tráth thús éigeandáil COVID-19 (nuair a bhíodhas ag súil leis nach mairfeadh an phaindéim ach tamall gairid);
- Cinntíodh go dtabharfaí tús áite do shealbhóirí ceadúnais beagfheithicle seirbhíse poiblí sa tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna;
- Méadaíodh na modhanna trína bhféadfadh oibrítheoirí beagfheithicle seirbhíse poiblí “Nasc ó Thiománaí le Feithicil” a bhriseadh de dheasca na srianta tosaigh, lena n-áirítear trí ríomhphost, ar líne, trí theachtaireacht SMS agus tríd an Aip;
- Soláthraíodh *Treoirínte Comhairleacha maidir le Scáthláin Roinnte Shealadacha Covid-19*;
- Chuathas i dteagmháil le soláthraithe árachais agus éascaíodh laghduithe cumhdaigh chuig cumhdach príobháideach nó cumhdach Dóiteáin agus Gadaíochta le haghaidh “páirceáil suas” agus lena aghaidh sin amháin - soláthraíodh lascaire idir 60% agus 90% ar an bpréimh do bheagfheithiclí seirbhíse poiblí;
- Cuireadh ceadúnais bheagfheithicle seirbhíse poiblí d'oibrítheoirí tearcárachaithe ar fionraí, rud ar ghnách leis oibrítheoirí a fhágáil faoi réir ionchúisimh agus an ceadúnas sin a chur láithreach i stádas neamhghníomhach, agus Tástáil Náisiúnta Carranna iomlán agus cigireacht oiriúnachta beagfheithicle seirbhíse poiblí á gceangal roimh fhilleadh ar an oibriú;
- Chuathas i dteagmháil le soláthraithe tástála cigireachta beagfheithiclí seirbhíse poiblí chun ionaid neamhspleácha beagfheithiclí seirbhíse poiblí a athoscailt de réir mar is gá agus chun úsáid a bhaint as roinnt réamhchúirteanna a bhfuil pearsanra an Údaráis ina bhfeighil chun cabhair dhíreach a thabhairt d'oibrítheoirí;
- Chuathas i dteagmháil thráthrialta leis an gCoiste Comhairleach um Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí agus leis an Roinn Iompair, lena n-áirítear, go sonrach, freagairtí agus gníomhartha a thagann sna sála ar *“Tograí an Tionscail Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí le haghaidh Théarnamh an Tionscail - Freagairt an Choiste Chomhairligh um Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí do phaindéim Covid-19”*;
- Chuathas i dteagmháil le rialálaithe i ndlínsí eile chun an dea-chleachtas a fhoghlaim agus chun comhairle a thabhairt ina leith;
- Chuathas i dteagmháil le hoibrítheoirí eile iompair, le soláthraithe trealaimh cosanta pearsanta agus le dearthóirí trealaimh cosanta pearsanta maidir le scáthláin aghaidhe/maisc aghaidhe/clúdaigh aghaidhe, lámhainní, scáthláin, díghalráin agus trealamh sábháilteachta eile a bhaineann le paindéim COVID-19;

- Tugadh pointí díghalrán láimhe isteach ag cómhalartuithe móra iompair mar a n-aistríonn paisinéirí beagfheithiclí seirbhíse poiblí chuig modhanna eile iompair nó ó mhodhanna eile iompair;
- Cabhraíodh le clár oiliúna Fháilte Éireann do thiománaithe beagfheithicle seirbhíse poiblí maidir le hIonfhabhtú a Chosc agus a Rialú;
- Rinneadh suirbhé rúnda teileafóin ar thiománaithe beagfheithicle seirbhíse poiblí ar fud na tíre. Rinneadh an chéad cheann de shraith suirbhéanna (Meán Fómhair 2020, Feabhra 2021, Meitheamh 2021, Deireadh Fómhair 2021) chun a dhéanamh amach cén t-athrú a tháinig ar chostais oibriúcháin agus ar sholáthar agus éileamh mar thoradh ar phaindéim COVID-19. Rinneadh suirbhé náisiúnta ar líne ar úsáideoirí tacsaithe ag an am céanna.
- Tugadh faoi fheachtais ar an raidió, sa phreas agus sna meáin shóisialta maidir le clúdaigh éigeantacha aghaidhe, ag teacht sna sála ar achtú na Rialachán Sláinte um chlúdaigh éigeantacha aghaidhe i mbeagfheithiclí seirbhíse poiblí an 03 Nollaig 2020;
- Achtaíodh rialacháin éigeandála Covid-19 chun a chinntiú nach mbeadh sé riachtanach aon tacsáí ná fruilcharr a bhainfeadh a aois incheadaithe uasta amach idir an 13 Márta 2020 agus an 31 Nollaig 2022 a bhaint den fhlíit roimh an mbliain 2023;
 - Na Rialacháin Beagfheithicle Seirbhíse Poiblí (Beart Éigeandála Covid-19), 2020 - [18/05/2020]²¹;
 - Na Rialacháin Beagfheithicle Seirbhíse Poiblí (Beart Éigeandála Covid-19) (Uimh. 2), 2020 - [18/12/2020];
 - Na Rialacháin Beagfheithicle Seirbhíse Poiblí (Beart Éigeandála Covid-19), 2021 - [12/05/2021]; agus
 - Na Rialacháin Beagfheithicle Seirbhíse Poiblí (Beart Éigeandála Covid-19) (Aois Incheadaithe Uasta), 2021 - [21/09/2021].
- Achtaíodh rialacháin chun táillí athnuachana a tharscaoileadh le haghaidh ceadúnais feithicle caighdeánaí le linn na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2022; chun táillí athnuachana déanaí a tharscaoileadh go dtí an 30 Meitheamh 2022; agus chun táillí athnuachana déanaí a laghdú ón 01 Iúil 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022;
 - Na Rialacháin Beagfheithicle Seirbhíse Poiblí (Beart Éigeandála Covid-19) (Táillí), 2020 - [18/12/2020]; agus
 - Na Rialacháin Beagfheithicle Seirbhíse Poiblí (Beart Éigeandála Covid-19) (Táillí), 2021 - [19/07/2021].
- Achtaíodh rialacháin chun an tréimhse ina bhféadfadh ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí fanacht i stádas 'Neamhghníomhach' a mhéadú ó 12 mhí go 24 mhí;
 - Na Rialacháin Beagfheithicle Seirbhíse Poiblí (Beart Éigeandála Covid-19) (Ceadúnas Éagtha), 2021 - [19/07/2021];
- Scéimeanna deontas
 - Tosaíodh an Scéim Deontas le haghaidh Beagfheithiclí Leictreacha Seirbhíse Poiblí don bhliain 2021, agus cistiú breisithe deontais á sholáthar le haghaidh traipisiú feithiclí;
 - Tosaíodh an Scéim Deontas le haghaidh Feithiclí atá Inrochtana ag Cathaoireacha Rothaí don bhliain 2021;

²¹ Dáta an achtacháin

Feithicil le cuidiú deontais don bhliain 2021				
	Iomlán don bhliain 2021	Deontais - Maoiniú	Feithicil Nua isteach sa Fhlít	Athsholáthar Feithicle
An Deontas le haghaidh Feithicil atá Inrochtana ag Cathaoireacha Rothaí don bhliain 2021	379	€1,605,500	271	108
An Deontas le haghaidh Beagfeithicil Leictreacha Seirbhíse Poiblí don bhliain 2021	580	€11,169,500	0	580

- Atosaíodh an Clár Tástála Iontrála do Thiománaithe Beagfeithicle Seirbhíse Poiblí, ag teacht sna sála ar chomhairle sláinte poiblí; agus
- Achtaíodh rialacháin éigeandála:
 - Lena ndéanfaí an tréimhse ina bhféadfadh ceadúnas beagfeithicle seirbhíse poiblí fanacht i stádas neamhghníomhach a mhéadú faoi dhó ó 12 mhí go 24 mhí;
- Tosaíodh an Scéim Aisíocaíochta Mótarchánach do Bheagfeithicilí Seirbhíse Poiblí.
 - Eisíodh 1,753 aisíocaíocht sa bhliain 2021
- Cuireadh tús leis an Scéim um Tháillí na Tástála Náisiúnta Carranna a Tharscaoileadh do Bheagfeithicilí Seirbhíse Poiblí.
 - Cuireadh 5,948 gcinn de Thástálacha Náisiúnta Carranna i gcrích saor in aisce sa bhliain 2021

I mí an Mheithimh 2021, d'fhógair an tAire go leanfaí le tacaí cothrománacha a thabhairt don tionscal beagfeithicilí seirbhíse poiblí agus go dtabharfaí tacaí cothrománacha breise don tionscal sin. Áiríodh leo sin:

– Táillí athnuachana a tharscaoileadh le haghaidh ceadúnais beagfeithicle seirbhíse poiblí don bhliain 2022;

- €1.5m a leithdháileadh chun táillí tosaigh na Tástála Náisiúnta Carranna a chistiú d'oibríteoirí beagfeithicle seirbhíse poiblí ar feadh tréimhse 12 mhí;
- Cistiú €2 milliún a leithdháileadh chun aisíoc Mótarchánach le hoibríteoirí beagfeithicle seirbhíse poiblí a éascú thar thréimhse 12 mhí;
- An Íocaíocht Dífhostaíochta Paidéime a fhadú go mí Feabhra 2022. Tá faighteoirí na hÍocaíochta Dífhostaíochta Paidéime fós i dteideal suas le €960 a thuilleamh thar thréimhse ocht seachtaine, glan ar chaiteachais;
- Leanadh leis an Deontas Tacaíochta Fiontraíochta a chur ar fáil d'oibríteoirí féinfhostaithe beagfeithicle seirbhíse poiblí a dhúnann a nÍocaíocht Dífhostaíochta Paidéime. De bhreis air sin, bheadh na daoine sin a d'éiligh an Deontas Tacaíochta Fiontraíochta sa bhliain 2020 agus a bhí ar ais ar an Íocaíocht Dífhostaíochta Paidéime ina dhiaidh sin in ann an deontas a

rochtain den dara huair dá mbeadh a nÍocaíocht Dífhostaíochta Paidéime dúnta acu an 1 Meitheamh 2021 nó tar éis an dáta sin.

Aguisín B – Leibhéal Ghníomhaíochta a Mheas

Úsáidtear faisnéis faoi leibhéal ghníomhaíochta laistigh den Innéacs chun ríomh a dhéanamh ar athruithe sna costais oibriúcháin sin a bhíonn ag brath ar leibhéal ghníomhaíochta, mar shampla breosla, boinn, páirteanna spártha feithicle agus seirbhísí. Úsáidtear an t-achar bliantúil a thaistealaíonn tiománaithe mar athróg ionadach le haghaidh leibhéal ghníomhaíochta laistigh den Innéacs. Á thoimhdiú nach mbíonn aon athrú ann i ngach toisc eile, is é an toradh a bhíonn ar laghdú i leibhéal ghníomhaíochta ná laghdú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le tacsáí a oibriú agus is é an toradh a bhíonn ar mhéadú i leibhéal ghníomhaíochta ná méadú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le tacsáí a oibriú.

Leibhéal Ghníomhaíochta a Mheas, bunaithe ar Shonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh don bhliain 2019

Is í an fhoinsé is oibiachtúla sonraí faoin achar bliantúil a thaistealaíonn feithiclí ná sonraí faoi mhéideanna tráchta ón bPríomh-Oifig Staidrimh. Déanann an Phríomh-Oifig Staidrimh an t-achar bliantúil a thaistealaíonn feithiclí a mheas le haghaidh tacsaithe trí úsáid a bhaint as sonraí ón tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna agus ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. Laige shainaitheanta a bhaineann le húsáid a bhaint as sonraí míleáiste ón bPríomh-Oifig Staidrimh, áfach, is ea go gcumhdaítear iontu míleáiste pearsanta agus míleáiste oibre araon. Á thoimhdiú nach gá do thiománaithe tacsáí ‘comaitéireacht a dhéanamh’ *per se*, is gá míleáiste pearsanta a bhaint den mheastachán ón bPríomh-Oifig Staidrimh chun an leibhéal gníomhaíochta oibriúcháin a scaradh amach.

Is féidir an meánmhíleáiste pearsanta a mheas go measartha cruinn tríd an achar bliantúil a thaistealaíonn carranna príobháideacha a thógáil agus tríd an míleáiste bliantúil comaitéireachta a dhealú ón bhfigiúr foriomlán ansin. Rinneadh an t-achar bliantúil a thaistealaítear le linn comaitéireachta a mheas a bheith cothrom le 7,200 ciliméadar mar chuid den Athbhreithniú ar Tháillí don bhliain 2014, inar tagraíodh don mheánachar comaitéireachta a ríomhadh sa Suirbhé Taistil Teaghlaigh ón Údarás Náisiúnta Iompair don bhliain 2012. Bhí an meastachán sin bunaithe ar bhliain oibre 48 seachtaine. Coinníodh an meastachán sin toisc nach bhfuil aon sonraí níos déanaí ar fáil faoin meánachar comaitéireachta.²²

Mar a leagadh amach roimhe seo, tugadh leibhéal ghníomhaíochta na bliana 2019 ar aghaidh chuig an Athbhreithniú ar Uastáillí Náisiúnta Tacsáí don bhliain 2022, toisc go ndéanfadh na srianta a forchuireadh le linn Phaindéim COVID-19 difear do na figiúirí do na blianta 2020 agus 2021. Thaistil beagfeithiclí seirbhíse poiblí meánachar 39,504 km sa bhliain 2017. Chun an meánachar oibriúcháin bliantúil a mheas, dealaíodh míleáiste pearsanta ón bhfigiúr sin, mar atá léirithe thíos:

$$\begin{aligned} &\therefore \text{meánachar oibriúcháin bliantúil don bhliain 2019 ina chiliméadair (km)} \\ &= \text{meánmhíleáiste bliantúil ina chiliméadair (km)} \\ &- \text{meánmhíleáiste bliantúil pearsanta ina chiliméadair (km) don bhliain 2019} \end{aligned}$$

$$\begin{aligned} &\therefore \text{meánachar oibriúcháin bliantúil don bhliain 2019 ina chiliméadair (km)} \\ &= 39,504 \text{ km} - 9,152 \text{ km} \end{aligned}$$

$$\therefore \text{meánachar oibriúcháin bliantúil don bhliain 2017 ina chiliméadair (km)} = 30,352 \text{ km}$$

²² Níl aon mheastachán ar an meánachar comaitéireachta ann sa tuarascáil ar an Suirbhé Taistil Teaghlaigh a d'fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair don bhliain 2017.

I leaganacha roimhe den Innéacs, bhí sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh faoi réir aga moille dhá bhliain. D'fhág sé sin gur ghá coigeartuithe breise a dhéanamh ar na sonraí sin chun leibhéil reatha ghníomhaíochta a mheas. Ní gá an coigeartú sin a dhéanamh sa chás seo toisc go bhfuil an tInnéacs don bhliain 2022 bunaithe ar na leibhéil ghníomhaíochta a bhí i réim sa bhliain 2019.

Leibhéil Ghníomhaíochta a Mheas, bunaithe ar an Suirbhé ar Thiománaithe don bhliain 2019 (Ualú Samplach)

Sa Suirbhé ar Thiománaithe, fiafraíodh de thiománaithe tacsáí faoina leibhéil bhliantúla ghníomhaíochta. Bhí difríochtaí suntasacha ann sna torthaí, agus iad ag brath ar cé acu a thiomáin an tiománaí tacsáí caighdeánach nó tacsáí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí. I gcomparáid le tiománaithe tacsáí chaighdeánaigh, taistealaíonn tiománaithe tacsáí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí 10,000 km níos mó ar an meán in aghaidh na bliana. Ós rud é go raibh sa sampla suirbhé i bhfad níos mó tiománaithe feithicle lán-inrochtana ná an meán náisiúnta, cinneadh na figiúirí sin a athualú bunaithe ar an gcéatadán iarbhír de thiománaithe feithicle lán-inrochtana agus de thiománaithe tacsáí chaighdeánaigh. Mar thoradh air sin, thángthas ar leibhéal comhcheangailte measta gníomhaíochta 42,000 km do thiománaithe.

Tábla A.2: Meastacháin Tiománaithe ar Leibhéil Bhliantúla Ghníomhaíochta

	Meastachán Tiománaithe ar Leibhéil Bhliantúla Ghníomhaíochta	An Céatadán den Fhlít
Feithicil Chaighdeánach	40,600 km	87%
Tacsáí atá Inrochtana ag Cathaoireacha Rothaí	51,400 km	13%
Meán Ualaithe	42,004 km	

Dá bhrí sin, rinneadh na costais reatha laistigh den Innéacs a ríomh bunaithe ar an dá leibhéal gníomhaíochta: an meánachar 29,951 km a thuairiscigh an Phríomh-Oifig Staidrimh agus an meánachar 42,000 km a thuairiscigh tiománaithe.

Aguisín C – Comparáid le hInnéacsanna Costas Tacsáí Roimhe

Sa rannán seo, cuirtear an tInnéacs Costas Tacsáí don bhliain 2019 i gcomparáid le hInnéacsanna roimhe ón mbliain 2012 i leith. Ríomhadh na hInnéacsanna ón mbliain 2014 i leith trí úsáid a bhaint as meastacháin ar leibhéal ghníomhaíochta ón bPríomh-Oifig Staidrimh agus ón Suirbhé ar Thiománaithe araon. Rinneadh an tInnéacs don bhliain 2012 a athríomh ansin san Athbhreithniú ar Uastáillí Náisiúnta Tacsáí don bhliain 2014 chun meastachán inchomparáide a thabhairt ar chostais reatha.

Tábla D.1: Innéacsanna Costas Tacsáí Roimhe, ina nÚsáidtear Meastacháin ar Leibhéal Ghníomhaíochta atá Bunaithe ar Shonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh

Comhpháirt	Figiúr Inchomparáide don bhliain 2012	2014 (27,804 km)	2017 (32,624 km)	2019 (29,951 km)	2022 (30,352 km)
Breosla	€ 2,061.39	€ 1,950	€ 1,918.00	€ 1,869.00	€ 2,389.80
Seirbhísiú	€ 554.65	€ 353	€ 437.00	€ 454.00	€ 435.96
Glantachán	€ 776.94	€ 892.00	€ 988.00	€ 966.00	€ 1,073.42
Boinn	€ 273.80	€ 278.00	€ 373.00	€ 376.00	€ 389.36
Páirteanna Spártha	€ 241.88	€ 252.00	€ 294.00	€ 270.00	€ 284.09
Costais Reatha Ilghnéitheacha	€ 313.17	€ 300.00	€ 300.00	€ 300.00	€ 300.00
Costais Reatha Iomlána	€ 4,222	€ 4,026	€ 4,309	€ 4,235	€ 4,873
Ceannach agus Maoiniú Cairr	€ 2,677.55	€ 3,014.00	€ 3,534.00	€ 3,655.00	€ 3,898.76
Árachas	€ 1,951.00	€ 1,817.00	€ 2,400.00	€ 2,190.00	€ 1,867.00
Cleamhnachtaí – oibríteoir traidisiúnta raidió/aipsheirbhís	€ 4,600.00	€ 4,628.00	€ 4,752.00	€ 4,800.00	€ 2,872.32
Athsholáthar Trealaimh – ceanglais rialála	€ 265.41	€ 298.00	€ 298.00	€ 300.00	€ 229.89
Athnuachan Ceadúnais Feithicle Tacsáí	€ 125.00	€ 125.00	€ 150	€ 150	€ 150
Cáin Bhóthair	€ 88.00	€ 95.00	€ 95.00	€ 95.00	€ 95.00
Muirir Aerfoirt	€ 36.62	€ 35.48	€ 38.00	€ 37.00	€ 41.28
An Tástáil Náisiúnta Carranna	€ 73.56	€ 66.00	€ 67.00	€ 62.00	€ 61.85
Fíorú Méadair	€ 46.13	€ 43.00	€ 43.00	€ 43.00	€ 43.05
Calabrá agus Ríomhchlárú Méadair	€ 45.00	€ 45.00	€ 45.00	€ 45.00	€ 45.00
Ceadúnas Tiománaí Beagfeithicle Seirbhíse Poiblí	€ 50.00	€ 50.00	€ 50.00	€ 50.00	€ 50.00
Ceadúnas Náisiúnta Tiománaí	€ 2.50	€ 5.50	€ 6.00	€ 6.00	€ 5.50

Iomlán na gCostas Seasta	€ 9,961	€ 10,222	€ 11,478	€ 11,433	€ 9,360
Costais Saothair Iomlána	€ 25,712	€ 24,246	€ 23,945	€ 25,878	€ 30,083
Iomlán an Innéacs Costas Tacsáí	€ 39,895	€ 38,493	€ 39,732	€ 41,546	€ 44,315

Tábla D.2: Innéacsanna Costas Tacsáí Roimhe, ina nÚsáidtear Meastacháin ar Leibhéil Ghníomhaíochta atá Bunaithe ar Shonraí ón Suirbhé ar Thiománaithe

Comhpháirt	2012 (Figiúr is Inchomparáide leis an bhFigiúr don bhliain 2014)	2014 (62,052 km)	2017 (49,000 km)	2019 (42,000 km)	2022 (42,000 km)
Breosla	€ 4,600.55	€ 4,352.00	€ 2,881.00	€ 2,621.00	€ 3,306.92
Seirbhísiú	€ 1,237.85	€ 798.00	€ 656.00	€ 637.00	€ 603.26
Glantachán	€ 776.94	€ 892.00	€ 988.00	€ 966.00	€ 1,073.42
Boinn	€ 611.07	€ 621.00	€ 560.00	€ 527.00	€ 538.78
Páirteanna Spártha	€ 539.81	€ 563.00	€ 441.00	€ 378.00	€ 393.12
Costais Reatha Ilghnéitheacha	€ 313.17	€ 300.00	€ 300.00	€ 300.00	€ 300.00
Costais Reatha Iomlána	€ 8,079	€ 7,517	€ 5,825	€ 5,429	€ 6,216
Ceannach agus Maoiniú Cairr	€2,677.55	€ 3,014.00	€ 3,534.00	€ 3,655.00	€ 3,898.76
Árachas	€ 1,951.00	€ 1,817.00	€ 2,400	€ 2,190.00	€ 1,867.00
Cleamhnachtaí – oibríteoir traidisiúnta raidió/aipsheirbhís	€ 4,600.00	€ 4,628.00	€ 4,752	€ 4,800.00	€ 2,872.32
Athsholáthar Trealamh – ceanglais rialála	€ 265.41	€ 298.00	€ 298.00	300	€ 229.89
Athnuachan Ceadúnais Feithicle Tacsáí	€ 125.00	€ 125.00	€ 150	150	€ 150
Cáin Bhóthair	€ 88.00	€ 95.00	€ 95.00	95	€ 95.00
Muirir Aerfoirt	€ 36.62	€ 35.00	€ 38.00	37	€ 41.28
An Tástáil Náisiúnta Carranna	€ 73.56	€ 66.00	€ 67.00	62	€ 61.85
Fíorú Méadair	€ 46.13	€ 43.00	€ 43.00	43	€ 43.05
Calabré agus Ríomhchlárú Méadair	€ 45.00	€ 45.00	€ 45.00	45	€ 45.00
Ceadúnas Tiománaí Beagfeithicle Seirbhíse Poiblí	€ 50.00	€ 50.00	€ 50.00	50	€ 50.00
Ceadúnas Náisiúnta Tiománaí	€2.50	€ 5.50	€ 6.00	6	€ 5.50

Iomlán na gCostas Seasta	€ 9,961	€ 10,222	€ 11,478	€ 11,433	€ 9,360
Costais Saothair Iomlána	€ 25,712	€ 24,246	€ 23,945	€ 25,878	€ 30,083
Iomlán an Innéacs Costas Tacsáí	€ 43,752	€ 41,984	€ 41,248	€ 42,740	€ 45,658

Léirítear i dTábla D.3 na trí phríomh-chomhpháirt den Innéacs ón mbliain 2012 go dtí an bhliain 2022, ina léirítear na hathruithe a tháinig ar na céatadáin. Tógadh na figiúirí seo ó Thábla D.1 agus ó Thábla D.2 thuas. Tá costais saothair ar an gcomhpháirt is mó den Innéacs don bhliain 2022, agus iad freagrach as dhá dtrian den Innéacs foriomlán le haghaidh na meastachán ar leibhéal ghníomhaíochta atá bunaithe ar shonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh agus le haghaidh na meastachán ar leibhéal ghníomhaíochta atá bunaithe ar shonraí ón Suirbhé ar Thiománaithe araon. Tháinig méadú ar na figiúirí sin le himeacht ama don dá Innéacs. Tá costais sheasta ar an dara comhpháirt is mó den Innéacs, agus iad freagrach as thart ar aon chúigiú den Innéacs ar fad. Tá costais reatha ar an gcomhpháirt is lú den Innéacs, agus iad freagrach as 11 faoin gcéad den Innéacs atá bunaithe ar shonraí faoi leibhéal ghníomhaíochta ón bPríomh-Oifig Staidrimh (atá gan athrú ón mbliain 2012 i leith) agus as 14 faoin gcéad den Innéacs atá bunaithe ar shonraí faoi leibhéal ghníomhaíochta ón Suirbhé ar Thiománaithe (síos ó 18 faoin gcéad sa bhliain 2012). Léirítear sna céatadáin seo an ceannas atá ag costais saothair san Innéacs foriomlán. Léirítear iontu freisin gur lú i bhfad an tionchar atá ag costais reatha – amhail breosla (fiú amháin i gcás go bhfuil praghsanna ag luainiú) – ar an Innéacs ná é sin atá ag na comhphárteanna eile.

Tábla D.3 Comhdhéanamh na nInnéacsanna Costas Tacsáí roimhe

	Meastacháin ar Leibhéal Ghníomhaíochta atá Bunaithe ar Shonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh				
Comhpháirt	Figiúr Inchomparáide don bhliain 2012	2014 (27,804 km)	2017 (32,624 km)	2019 (29,951 km)	2022 (30,352 km)
Costais Reatha	11%	10%	11%	10%	11%
Costais Sheasta	25%	27%	29%	28%	21%
Costais Saothair	64%	63%	60%	62%	68%
	Meastacháin ar Leibhéal Ghníomhaíochta atá Bunaithe ar Shonraí ón Suirbhé ar Thiománaithe				
	2012 (Figiúr is Inchomparáide leis an bhFigiúr don bhliain 2014)	2014 (62,052 km)	2017 (49,000 km)	2019 (42,000 km)	2022 (42,000 km)
Costais Reatha	18%	18%	14%	13%	14%
Costais Sheasta	23%	24%	28%	27%	20%
Costais Saothair	59%	58%	58%	61%	66%